Ag féachaint ar mar a d'éirigh leis an margadh sa bhliain 2016, tháinig méadú 14% ar líon na dturasóirí ó Mheiriceá Thuaidh, an ceathrú bliain as a chéile ar tháinig fás dé-dhigiteach ar an bhfigiúr sin le 1.5 milliún turasóir. Chun é seo a chur i gcomhthéacs, tháinig 70% níos mó turasóirí go hÉirinn ó Mheiriceá Thuaidh sa bhliain 2016 ná mar a tháinig sa bhliain 2010. Tháinig breis is 3 milliún turasóir anseo ó Mhórtáir na hEorpa, méadú 8% ar 2015, agus a sháraíonn an t-uasmhéid roimh an gcúlú eacnamaíochta. Tháinig méadú ar thurasóirí ón mBreatain chomh maith, le 3.6 milliún

cuairteoirí, sin ardú 9% ar an mblain roimhe sin. Is fiú a lua, áfach, gurbh í an Bhreatain an t-aon mhargadh a bhí fós faoin líon is mó roimh an gcúlú eacnamaíochta, 3.8 milliún turasóir a tháinig ón mBreatain sa bhliain 2006. Bhí maolú inaimsiú ar an margadh ag deireadh na bliana 2016 mar gheall ar an neamhchinnteacht a bhí ann mar thoradh ar vóta an Bhreiteimeachta.

Léiríodh sna figiúirí turasoíreachta gnó, na figiúirí is fearr riamh i dtaobh cuairteoirí sa bhliain 2016, go háirithe in earnáil an lóistín. Le roinnt blianta anuas, tá borradh ag teacht faoin earnáil lóistín le pá (óstáin, tithe lóistín. Leaba & Bricfeasta srl.), agus is amhlaidh a bhí sa bhliain 2016, le 82% de lucht lóistín ag rá gur tháinig borradh faoi líon na gcuariteoirí i gcomparáid le 2015, bliain a bhí láidir inti féin.

Chríochnaigh earnáil na n-óstán 2016 le 84% den dream a ndearna Fáilte Ireland suirbhéireacht orthu, ag rá go raibh breis áirithintí acu, agus 82% ag rá go raibh breis brabúsachta ann. Tá borradh tagtha faoi líon na gcuariteoirí in 76% de thithe lóistín i rith na bliana agus tháinig méadú ar tháirgeacht lucht Leaba & Bricfeasta sa bhliain 2016 le 57% ag rá go raibh méadú ann ar 2015. Ar an gcuma chéanna, dúirt breis is leath de lucht an lóistín féin-fhreasail gur tháinig méadú ar líon na gcuariteoirí ó thar lear sa bhliain 2016, mar a dúirt dhá thrian (65%) de bhrúna.

Taobh amuigh den earnáil lóistín, léiríodh tuilleadh gníomhaíochta freisin i bpáirteanna eile den tionscal turasoíreachta. Tá borradh tagtha ar líon na gcuariteoirí chuig 76% de láithreacha turasoíreachta i rith na bliana agus roinnt daoine san earnáil ag rá go bhfuil muinín acu anois infheistíocht a dhéanamh arís ina gcuid tairiscintí chun taithe an chustaiméara a fheabhsú agus méadú

leanúnach ar líon na gcuariteoirí a fheabhsú. Chomh maith leis sin, dúirt seacht mbialann as gach deich gcinn go raibh níos mó turasóirí acu (in áiteanna a raibh líon mór turasóirí ann sa bhliain 2016).

Tá fás sa tionscal turasoíreachta riachtanach chun ioncam agus fostaíocht a chruthú - go háirithe i réigiúin thuaithe. Chinntigh an fás sa bhliain 2016 go raibh breis brabúsachta ag beagnach 80% den lucht lóistín ar phá le linn na bliana. Tugtar le tuiscint i dtaighde de chuid Fáilte Ireland, de réir mar a d'ardaigh líon na gcuariteoirí ar fud na hearnála, d'ardaigh fostaíocht sa tionscal freisin. Is ábhar misnigh é gur chruthaigh 24% de ghnóna turasoíreachta breis fostaíochta lán-aimseartha i rith na bliana, lena n-áirítear 39% d'óstáin. Mar aon leis an mborradh ar fhostaíocht lán-aimseartha, tháinig borradh ar fhostaíocht pháirt-aimseartha agus ar fhostaíocht shéasúrach sa bhliain 2016 le 47% d'óstáin ag rá go raibh breis fostaíochta séasúraí acu, ag léiriú borradh mór gníomhaíochta i rith an tsamhraidh sa bhliain 2016.

Taithe den Chéad Scoth a Fhorbairt do Chuariteoirí

Tá forbairt ar thaithe nua do chuariteoirí lárnach sa straitéis de chuid Fáilte Ireland chun borradh a chur faoi gníomhaíochtaí fóillíochta turasoíreachta le trí bliana anuas. Agus trí shéasúir iomlána turasoíreachta curtha dinn, tá feachtas thar a bheith láidir ar fud na tíre ar an gcéad cheann - Slí an Atlantaigh Fhíáin. Go hidirnáisiúnta, níl an branda ach ina thús ach tá greim láidir aige

² Cuairteoirí a fhanann oíche, ina measc iadsan a thagann isteach via Tuaisceart Éireann.

ar cheannaitheoirí tábhachtacha idirnáisiúnta agus leagann Fáilte Ireland agus Turasóireacht Éireann béim ar chuariteoirí a bheith ag baint leasa as an mbranda chun cuairteoirí baile agus idirnáisiúnta a mhealladh.

Bhí 90% den Chlár Brandála agus Léirmhínte a bhaineann le Slí an Atlantaigh Fhiáin críochnaithe faoi dheireadh na bliana 2016. Chuir na painéil léirmhínte ag na Pointí Fionnachtana le saibhreas na scéalta áitiúla agus spreag sé cuairteoirí chun fanacht níos faide ar an gcósta.

Le comharthaí ar an tSlí agus deireadh ag teacht leis an gclár brandála, d'athraigh an bhéim go dtí taithí do chuariteoirí a fhorbairt. I Meitheamh na bliana 2016, bunaíodh creatlach chun Pleananna Forbartha Taithí do Chuariteoirí a chruthú agus cuireadh tús leis an bpróiseas trí thogra piolótach a bhunú ar Chósta na Sceilge i gCiarraí Theas. Bhí rannpháirtíocht shuntasach i gceist ó pháirtithe leasmhara agus ón bpobal sa togra, chomh maith le próiseas fada comhairliúcháin chun taithí ar ard-chaighdeán do chuariteoirí a aithint agus a chur in iúl a mheallfadh cuairteoirí (baile agus idirnáisiúnta) agus iad a spreagadh chun Cósta na Sceilge a roghnú mar cheann scríbe saoire. Déanfar breis pleananna a fhorbairt do cheantair eile mar thoradh ar an obair seo; lena n-áirítear an Bhoirinn agus Aillte an Mhothair chomh maith le Conamara agus Oileáin Árann.

Sheol an tAire Patrick O'Donovan Pas nua do Shlí an Atlantaigh Fhiáin i Mí Bealtaine na bliana 2016. Chuaigh Fáilte Ireland i gcomhpháirtíocht le An Post chun an tionscnamh a dhearadh, a sholáthar agus a chur i bhfeidhm chun pas ar ard-chaighdeán a chur ar fáil do chuariteoirí chun go mbeidh taifead acu ar an gcuart a thug siad ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, chomh maith lena spreagadh chun cuairt a thabhairt arís ar áiteanna eile ar feadh na Slí. Tá na sé chríos ar feadh na Slí le feiceáil sa Phas agus tá stampa éagsúil deartha do na 188 Pointe Fionnachtana. I rith na bliana 2016, d'fhéadfaí pas a cheannach ag aon cheann de na 130 Oifig Poist a bhí páirteach sa togra agus d'fhéadfaí stampaí a bhailiú ag Oifigí Poist agus Oifigí Turasóireachta de chuid Fáilte Ireland.

Sular tosaigh séasúr an tsamhraidh, chuir Fáilte Ireland traenáil ar fáil do 550 úinéir gnó agus foireann tosaigh chun Slí an Atlantaigh Fhiáin a chur chun cinn ar feadh an chósta ó Inis Eoghain go dtí Iarthar Chorcaí. Ba é sprioc an togra seo díograis agus dúthracht lucht turasóireachta áitiúil a chur chun tairbhe agus cabhrú leo brí a chur i Slí an Atlantaigh Fhiáin do chuariteoirí, mar aon leis an taithí is fearr a sholáthar do chuariteoirí trí bharr feabhais a chur ar sheirbhísí don phobal. Is féidir leis na daoine a chuireann Slí an Atlantaigh Fhiáin chun cinn a bheith mar ambasadóirí anois do Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus, trí fháilte

chroíúil, fíor-eolas áitiúil, léargas agus tuiscintí áitiúla, cruthaíonn siad an taithí is fearr do chuariteoirí.

Ceann de na dúshláin atá roimh ghnóna turasóireachta agus na pobail a mhaireann ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin ná gur gnó séasúrach atá ann, go háirithe taobh amuigh de na ceantair uirbeacha. Bunaíodh an togra "Extending the Season" le linn na bliana 2016 mar iarracht dul i ngleic leis an dúshlán seo. B'éigean cnusaigh nó grúpaí seanbhunaithe turasóireachta a aithint mar chuid den obair seo, a d'fhéadfaí oibriú leo agus léargas agus tacaíocht a thabhairt ar mhaithe le taithí agus tograí a fhorbairt a bheidh tarraingteach do chuariteoirí sna séasúir is gnóthaí agus an taithí do chuariteoirí a fheabhsú taobh amuigh den tréimhse is gnóthaí. I measc bhuaicphointí an chlár, áirítear an togra gairdín "Spring Comes Early to West Cork", Rianta Bia Fhéile Shligigh, an Siompóisiam Cloiche ar Leithinis Rinn Mhuintir Bháire agus Stáisiún Comharthaíochta Charn Uí Néid, a bhíonn ar oscailt gach deireadh seachtaine ar feadh na bliana chun tacú le lucht lóistín áitiúil.

Chun tacú le gnóna agus pobail áitiúla fanacht ar oscailt níos faide agus chun dul i ngleic leis an dúshlán nach dtugtar an oiread céanna cuairteanna ar an taobh ó thuaidh de Shlí an Atlantaigh Fhiáin, rinne Fáilte Ireland tairiscint nua margaoíochta a fhorbairt bunaithe ar an téama "Glac chugta Slí an Atlantaigh Fhiáin." Tosaíodh feachtas ar an téama seo ar feadh tréimhse cheithre seachtaine i Mí Mheán Fómhair chun Slí an Atlantaigh Fhiáin a bhriseadh ó am go chéile sa tréimhse is gnóthaí agus chun daoine ar saoire a spreagadh chun dul chuig áiteanna nua.

Chabhraigh roinnt forbairtí nua caipitil leis an mbranda freisin a críochnaíodh sa bhliain 2016 mar thoradh díreach ar infheistíocht chaipitil ó Fáilte Ireland. I mí Iúil, osclaíodh go hoifigiúil, siúlóid lúbtha 5km ag Deirgimleach i gConamara agus deis anois ann teacht ar scéalta stairiúla an cheantair ar bhealach spraiúil agus tarraingteach do chuariteoirí. Níos déanaí sa bhliain, osclaíodh Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh i Ros Muc go foirmeálta. Is comh-thogra é seo idir an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Oifig na nOibreacha Poiblí agus Fáilte Ireland. Tugtar réamhrá thar a bheith eispéarasach san ionad nua do chuariteoirí ar an nGaeilge agus ar chultúr na Gaeltachta, agus déanann sé an tírdhreach áitiúil i gConamara Theas a cheiliúradh. Tacaíonn taithí mar seo le deiseanna áitiúla turasóireachta agus gnóna fáilteachais agus tá deiseanna ann gnóna nua a fhorbairt.

Lena linn sin, tháinig tuilleadh forbartha ar an mbranda nua do chuariteoirí sa chéad bhliain iomlán ó cuireadh tús leis sa bhliain 2016, is é sin Sean-Oirthear na hÉireann. I rith

na bliana, bunaíodh suíomh nua idirlín atá dírithe go hiomlán ar an mbranda. Is ardán iontach tarraingteach é an suíomh idirlín IrelandsAncientEast.com le breis is 340 píosa inneachar forbartha chun beocht a thabhairt don bhranda.

Leanadh le brandáil agus comharthaíocht Sean-Oirthear na hÉireann, agus tá 76 chomhartha treoraithe ag suíomhanna straitéiseacha ar fud an cheantair chomh maith le 256 chomhartha ar theorainneacha contae. Is é an fheidhm atá leis na comharthaí treoracha ná na scéalta áitiúla a bhaineann le gach suíomh a insint agus aird na gcuariteoirí a dhírú ar baill shuntais eile atá in aice láimhe.

Chun an tóir ar scéalta stairiúla an cheantair a mhéadú, caitheadh €571,000 ar fhéilte in Sean-Oirthear na hÉireann agus cuirtear go leor iarrachta isteach i mbeocht a thabhairt do na scéalta a bhaineann le hSean-Oirthear na hÉireann. Anuas air sin, fuair 3,000 ball den fhoireann tosaigh, traenáil duine le duine ar Sean-Oirthear na hÉireann. Díróidh sa traenáil ar sheirbhís den scoth a sholáthar do riachtanais ar fad na gcuariteoirí; sár-eolas ar an gceantar áitiúil agus ar chontaetha eile; modhanna treas-díolacháin a chinntíonn go bhfanfaidh cuairteoirí tamaillín eile sa cheantar; agus fíor-dhúthracht ar mhaithe le Sean-Oirthear na hÉireann a chur chun cinn a thabhairt chuig na cuairteoirí a chastar orthu. Ina theannta sin, bhí breis is 1,000 páirtneir tionscail i láthair ag ceardlanna forbartha scéil agus seisiúin eolais a bhain le Sean-Oirthear na hÉireann. Chuir an obair seo le taithí na gcuariteoirí, agus chuidigh sé le hinneachar na scéalta ar IrelandsAncientEast.com

Seoladh an chéad fheachtas margaoíochta sa bhaile Sean-Oirthear na hÉireann i mí an Mheithimh sa bhliain 2016 agus léirigh anailís ina dhiaidh sin go bhfacfa beagnach 80% de dhaoine fásta in Éirinn an fhógraíocht a bhain leis ar an teilifís ar a laghad uair amháin. Léiríodh breis is 24 milliún tuairim ar na hardáin ghaolmhara ar-líne (ailt dhúchasacha, tathcheangail ar leathanaigh baile, fiseáin, scáileáin agus cuardaigh) agus shroich sé daoine ar chainéil éagsúla chun tarraingt an bhranda a dhaingniú.

Chun feasacht a threisiú níos mó, tugadh cuireadh do 26 iriseoir chun blaiseadh a fháil Sean-Oirthear na hÉireann, agus mar thoradh air seo, scríobhadh ailt shuntasacha sna nuachtáin náisiúnta.

D'oibrigh an fhoireann a bhaineann le Sean-Oirthear na hÉireann i rith na bliana 2016 freisin chun deiseanna díolacháin idir gnóna a aithint do lucht turasóireachta sa cheantar. Bhí Fáilte Ireland mar óstach do bhreis is 200 ceannaitheoir idirnáisiúnta ó ar fud an domhain, lena n-áirítear an Nua-Shéalainn, Meicsiceo, an India, an tSín, Tíortha na Murascaille, na Tíortha Lochlannacha,

Meiriceá Thuaidh, an Bhreatain agus an Eoraip, i gcomhar lenár gcomhghleacaithe in Turasóireacht Éireann, ar chlár eolais chun taithe pearsanta a fháil ar an méid atá ann in Sean-Oirthear na hÉireann don chuairteoir ó thar lear agus 42 chomhlacht turasóireachta tiomanta go mbeidh páirt ag Sean-Oirthear na hÉireann sna clár a bheidh acu amach anseo. Ina theannta sin, reáchtáladh 46 chuairt phoiblíochta in Sean-Oirthear na hÉireann do scríbhneoirí thar lear, lena n-áirítear blagálaíthe taistil chomh maith le hiriseoirí teilifíse agus iriseoirí clóite.

Lena linn sin, is cuid lárnach de thairiscint turasóireachta na hÉireann é Baile Átha Cliath i gcónaí agus bhí bliain as cuimse ann an bhliain sin, le 5.2 milliún duine ar saoire ann ó thar lear. Is cathair den scoth í Baile Átha Cliath do shaoire cathrach le hinfheistíocht cheannródaíoch i dturasóireacht san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. Leag foireann Chlár Bhaile Átha Cliath de chuid Fáilte Ireland an bhéim ar thaithe na gcuairteoirí a fheabhsú sa bhliain 2016 agus clár láidir tacaíochta fiontair a sholáthar do thionscail áitiúla. Ag an am céanna leis seo, bhí sé tábhachtach mar chuid den straitéis do Bhaile Átha Cliath, feasacht an bhanda do Bhaile Átha Cliath a mhéadú sa bhaile agus thar lear.

Rinne Fáilte Ireland infheistíocht de thairiscint is €2 mhiliún sa bhliain 2016 ag tacú le féile náisiúnta agus réigiúnacha i mBaile Átha Cliath, lena n-áirítear Féile Naomh Pádraig, Lá Bloom agus Tradfest agus tuilleadh lena chois. Deis iontach a bhí sna féilte seo do chuairteoirí idirnáisiúnta caidreamh a bhunú le muintir na háite, sásamh i measc cuairteoirí a ardú, chomh maith le beocht a thabhairt do bhanda Bhaile Átha Cliath agus cuairteoirí ó thar lear a spreagadh sa tréimhse is gnóthaí den bhliain. Bhunaigh foireann Bhaile Átha Cliath Féile Ath-bhliana ar fud na cathrach a mhair trí lá i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus d'fhreastail breis is 20,000 cuairteoir idirnáisiúnta uirthi. Tá an Fhéile ag dul ó neart go neart, agus d'fhreastail tuairim is 45,000 uirthi sa bhliain 2016 - sin ardú 10% ó 2015.

I rith na bliana 2016, lean Fáilte Ireland ag iarraidh Baile Átha Cliath a fhorbairt, i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus bealach treoirithe trí lár na cathrach chun bealaí níos éasca a chur ar fáil chun teacht ar na suíomhanna is suimiúla sa chathair. Sheol Fáilte Ireland dhá bhealach siúlóide eile a thugann deis do chuairteoirí teacht ar scéalta Bhaile Átha Cliath. Tá na bealaí seo féin-threoirithe. Ina theannta sin, tógadh 12 phainéal eolais i mBaile Átha Cliath chun aistear na gcuairteoirí a fheabhsú trí

chéile. D'oibrigh Fáilte Ireland go dlúth leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun an cárta 'Leap' do Chuairteoirí a scaipeadh níos fairsinge, sin cárta comhtháite do sheirbhísí taistil chun a chinntiú go bhfuil sé níos éasca ar chuairteoirí taisteal ar fud na príomh-chathrach.

I mí Dheireadh Fómhair na bliana 2016, seoladh feachtas bolscaireachta sna meáin ar fad agus feachtas margaíochta chun Baile Átha Cliath a chur chun cinn sa Bhreatain Mhór. Bhí sé mar aidhm ag an bheachtas seo feachtas ar Bhaile Átha Cliath a mhéadú mar chathair mhaith do shaoire cathrach sa tréimhse is gnóthaí den bhliain. Díriodh san feachtas seo, a raibh costas de €1.4 milliún luaithe leis, ar mhuintir na Breataine atá fiosaich faoi chúrsaí cultúrtha, go háirithe i dtaca le cúig chathair mhóra sa Ríocht Aontaithe. Tá an feachtas seo maoinithe ag an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach, agus i gcomhpháirtíocht le Turasóireacht Éireann.

Mar chuid den obair sa bhliain 2016 chun feachtas a mhéadú ar Bhaile Átha Cliath mar cheann scríbe, d'óstáil Fáilte Ireland breis is 400 duine ó 20 margadh thar lear, a d'aimsigh Turasóireacht Éireann. Ó thaobh cúrsaí digiteacha de, sháraigh Fáilte Ireland an sprioc a bhí acu sa bhliain 2015 le 3.1 milliún cuairteoir chuig an suíomh idirlín VisitDublin.com, atá dírithe go speisialta ar Bhaile Átha Cliath. Tháinig borradh suntasach ar na pobail ar leith ar na meáin shóisialta freisin i rith na bliana.

Ba chuid tábhachtach é clár rannpháirtíochta tionscail den straitéis a bhí ag Fáilte Ireland agus d'oibrigh foireann Bhaile Átha Cliath go dlúth le gnónna aonair, grúpaí turasóireachta agus grúpaí tábhachtacha eile sa chathair agus sa chontae. Áiríodh deiseanna líonraithe do bhreis is 800 ball den lucht gnó áitiúil, rud a thug deis dóibh caidrimh tábhachtacha gnó a fhorbairt agus poiblíocht a thabhairt dá chéile. Chabhraigh sé seo – chomh maith le seoladh 'Clár na gCuraithe', a raibh 200 céimí mar thoradh air - le tógáil ar bhanda Bhaile Átha Cliath agus taithe ar leith a chruthú do chuairteoirí chuig an bpríomh-chathair. Maidir le cumas tionscail, cuireadh clár forbartha ar fáil a mhair seacht mí do bhainistíocht shinsearach ó láithreacha turasóireachta Bhaile Átha Cliath chun cabhrú leo a gcuid tairiscintí a fheabhsú do chuairteoirí ó thar lear. Ag an am céanna leis na tacaíochtaí seo, reáchtáil Fáilte Ireland seacht seisiún eolais, a raibh réimse leathan ábhar iontu agus a chuir sain-chomhairle ar fáil agus a thug léargas chun a chinntiú go mbíonn tairiscint Bhaile Átha Cliath tarraingteach i gcónaí.

Ar deireadh, i dtreo dheireadh na bliana

2016, d'fhostaigh Fáilte Ireland comhairleoirí seachtracha chun réigiún na Sionainne agus lár-tíre a iniúchadh i dtaca le branda nua éagsúil a fhorbairt don cheantar sin. Beidh tionchar ag na torthaí seo ar an bhfócas a bheidh ag Fáilte Ireland ar an gceantar sa bhliain 2017.

Fás Leanúnach ar Turasóireacht Gnó

Is cuid tábhachtach é an Turasóireacht Gnó agus Imeachtaí i gcónaí de thionscal na turasóireachta trí chéile, ag cruthú fáltais atá i bhfad níos airde ná an meán, cuairteoirí taobh amuigh den séasúr turasóireachta agus fás sna réigiúin. Taispeántar sna torthaí ar shuirbhé ar chaiteachas toscairí de chuid IPSOS MORI, go raibh níos mó fós á chaitheamh ag gnáth-thoscairí sa bhliain 2016. Dá bharr, is fiú tuairim is €1,600 anois iad, ardú ó €1,500 sa bhliain 2015 agus €1,400 sa bhliain 2014. Fanann siad chúig lá ar an meán agus ráta sásaimh 82% acu.

I rith na bliana 2016, lean foireann Gnó agus Imeachtaí de chuid Fáilte Ireland ag cruthú deiseanna nua gnó agus roinnt comhdhála idirnáisiúnta nua deimhnithe don tír. Mar a tharlaíonn sé, bhí na torthaí ab fhéarr riamh ag an bhfoireann sa bhliain 2016, ag tacú leis an luach €151 milliún a aistriú do na blianta reatha agus don bhliain amach romhainn. Cruthaíodh €27.2 milliún den mhéid seo taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Tá 575 imeacht idirnáisiúnta gnó ar na bacáin sna cúig bhliana amach romhainn chun a chinntiú go mbeidh fás leanúnach ann amach anseo.

Sa bhliain 2016 reáchtáil agus thacaigh Fáilte Ireland, i gcomhar le Turasóireacht Éireann (faoin mbranda 'Meet in Ireland') le láithreach ón tír seo ag 45 ócáid margaíochta ar fud an domhain chun deis a thabhairt do ghnónna Éireannacha bualadh le ceannaitheoirí ó thar lear. Reáchtáladh freisin an chéad Ghradam Aitheantais d'Ambasadóirí Comhdhála, áit ar tugadh aitheantas do 79 n-ambasadóir as a ngaisce maidir le tairiscint a dhéanamh agus an chomhdháil a ghnóthú do Bhaile Átha Cliath. Baineadh leas as an ócáid chun daoine a spreagadh chun tairiscint a dhéanamh trí scéalta a chloisteáil ó dhaoine a chuaigh rompu.

Tógáil ar chumas, ar tharraingt agus ar tháirge

Rinne Fáilte Ireland infheistíocht shuntasach i dturasóireacht sa bhliain 2016, idir dhaoine agus tháirgí agus shuíomhanna.

Maidir le scileanna tionscail, tríd an Acadamh Díolacháin, lean Fáilte Ireland ag cabhrú le gnónna turasóireachta chun margaiocht a dhéanamh orthu féin. Sa bhliain 2016, seoladh réimse leathan tacaíochtaí forbartha gnó chun an cumas díolacháin sa tionscal a fheabhsú le béim shoiléir ar bharr feabhais a chur ar fheidhmíocht, cumas díolacháin a spreagadh, saineolas digiteach, ard-chaighdeán seirbhíse agus sár-taithí a chruthú maidir le bia. Sa bhliain 2016 rinneadh idirghabháil do bhreis is 17,000 gnó ar an iomlán, lena n-áirítear 13,700 coinne díreach le linn 650 ceardlann. Chomh maith leis na figiúirí tionscail sin, bhí breis is 4,000 duine a bhain leas as acmhainní traenála ar an idirlíon, meantóireacht agus na modhanna is déanaí trí sheimineáir ghréasáin agus podchraolta.

Bíodh is gur gá dul i ngleic le dúshláin atá ag teacht chun cinn, an Breatimeacht mar shampla, tá sé riachtanach go dtógfar ar chumas an tionscail mar chuid den seachadadh straitéiseach atá ag Fáilte Ireland. I dtreo dheireadh na bliana 2016, bunaíodh aonad nua gnó - Forbairt Fiontair - chun súil a choinneáil ar na dúshláin thráchtála a bhfuil tionchar acu ar an tionscal agus oibriú go dlúth chun tacaíochtaí éifeachtacha a chur ar fáil a threisíonn agus a chlaoclaíonn feidhmíocht an tionscail.

Maidir le trádáil nua agus forbairt gnó i margadh na fóillíochta, bhí Fáilte Ireland ag obair le páirtneírí sa tionscal chun 143 deis nua a aimsiú, agus comhlíonadh 52 díobh seo. Áiríodh leo seo 130,000 oíche leapa breise incriminteach. D'oibrigh Fáilte Ireland go dlúth le hidirghabhálaithe bealaí agus ceannaitheoirí chun a chinntiú go bhfuil breis is 140 turas brandáilte ar díol anois thar lear ag iarraidh Slí an Atlantaigh Fhíáin a chur chun cinn, Sean-Oirthear na hÉireann agus Baile Átha Cliath.

I rith na bliana, bunaíodh ardáin nua trádála don tionscal san earnáil phléisiúir (Private Leisure Forums - California) agus an earnáil Óige agus Eachtraíochta (ITB Berlin - Youth, Adventure and Responsible Travel Hall). Sa bhliain 2016, rinne Fáilte Ireland ceannaitheoirí nua a earcú ón Ríocht Aontaithe agus an earnáil phléisiúir agus bhí siad mar óstach dóibh ar thurais shaincheaptha eolais. Bhunaigh muid bealach nua dáileacháin do thionscal an ghailf trí pháirtneireacht straitéiseach le Golfbreaks.com, a chruthaigh €1 milliún breise ioncaim ó fheachtas píolótach. Maidir le galf, bhunaigh muid ceithre ócáid ghailf in Éirinn i mBaile Átha Cliath, i mBeal Feirste, ag Comórtas Oscailte

na hÉireann i Machaire Loiscthe áit ar chas 65 toscairí ó thionscal an ghailf in Éirinn le 30 ceannaitheoirí gailf ó thar lear.

Bunaíodh próiseas tábhachtach cuntasaiochta mar thoradh ar pháirtneireachtaí straitéiseacha le Cumann na gComhlachtaí Taistil in Éirinn (ITOA) lena gcuid ball chun an pháirtneireacht a fheabhsú chomh maith le baill an ITOA a óstáil ar thuras eolais chuig Sean-Oirthear na hÉireann chun an táirge a bhlaiseadh dóibh féin.

I rith na bliana 2016, bunaíodh Páirtneireacht ar mhaithe le Turasóireacht Fóillíochta le comhlachtaí taistil agus lucht trádála. Tá sé mar aidhm ag an ngrúpa réiteach a aimsiú ar chuid de na dúshláin a bhaineann leis an tionscal, lena n-áirítear rochtain, acmhainneacht, táirge, éagsúlú margaidh, agus taithí an chuariteora a fheabhsú.

Maidir le hinfheistíocht chaipitil sa bhliain 2016, d'fhoilsigh Fáilte Ireland Straitéis Infheistíochta do Thurasóireacht 2016 - 2022, a léiríonn na tosaíochtaí don tréimhse sin. Léiríodh sa straitéis seo, an bealach a bhfuil sé i gceist ag Fáilte Ireland infheistíocht a dhéanamh leis an €125 milliún a bhronn an Rialtas air don tréimhse sin. I mí an Mheithimh sa bhliain 2016, sheol Fáilte Ireland an chéad fhógra d'iarraitais faoin Scéim Deontais do Thograí Móra Turasóireachta 2016 - 2020. Freisin, rinne Fáilte Ireland tuilleadh forbartha ar an bpáirtneireacht straitéiseach le hOifig na nOibreacha Poiblí, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus Coillte. I rith na bliana, cheadaigh an tÚdarás maoiniú de bheagnach €1 milliún do chúnamh teicniúil chun na féidearthachtaí maidir le cúig thogra turasóireachta a fhorbairt leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus ceithre thogra caipitil le Coillte. Freisin sa bhliain 2016, cheadaíodh breis is €1.8 milliún do shé thogra, lena n-áiríodh Caisleán Chairlín, Co. Lú, Teach Russborough, Co. Chill Mhantáin agus athchóiriú ar theach Thomáis Uí Chromhthain ar an mBlascaod Mór, Co. Chiarraí.

Lean Fáilte Ireland ag infheistiú i ngníomhaíochtaí do chuariteoirí ar an talamh. Cheadaíodh deontais luach €2.8 milliún do 39 bhféile suntasach faoi Chlár Náisiúnta na bhFéilte agus Imeachtaí Rannpháirtíochta don bhliain 2016. Mar a tharla blianta eile, áiríodh Féile Naomh Pádraig leis seo. Lean muid orainn ag obair chun dhá fhéile nua a fhorbairt - NYF Dublin (Féile na hAthbhliana) agus Féile Bram Stoker - agus chun leas a bhaint as na féidearthachtaí suntasacha chun cuairteoirí a mhealladh taobh amuigh de na tréimhsí is gnóthaí.

Seachas imeachtaí móra, cheadaigh Fáilte Ireland deontais luach €693,000 ar mhaithe le 207 bhféile réigiúnacha faoin gClár Féilte Réigiúnacha agus Imeachtaí Rannpháirtíochta 2016.

I rith na bliana 2016, sheol Fáilte Ireland clár maoinithe d'fhéilte bunaithe ar nuálaíocht ar tugadh 'What's the Big Idea? 2016' air. Bhí smaointe samhlaíochta d'fhéilte á lorg ag an gclár píolótach seo a rachadh i bhfeidhm ar chuariteoirí ó thar lear. Glacadh le lear mór iarratas agus tá tacaíocht á tabhairt do na smaointe ar éirigh leo ar mhaithe leis an inmharthanacht a bhaineann leo a fhiosrú. Áirítear sna tacaíochtaí seo, staidéar féidearthachta, tuilleadh taighde, turais fhoghlama, ceardlanna tiomanta agus sain-chomhairle agus meantóireacht.

Chomh maith le féilte, lean Fáilte Ireland ag obair leis an tionscal chun gnéithe eile de thairgí an chuariteora a fheabhsú. Mar shampla, sa bhliain 2016, lean cúrsaí bia ar aghaidh mar chuid lárnach dár gcuid brandaí agus rinne Fáilte Ireland €259,000 a infheistiú i dtograí dírithe ar chúrsaí bia, a thacaigh leis an gclú atá orainn maidir le cúrsaí bia, atá ag fás i gcónaí, chun an tréimhse a bhfuil na turasóirí ag fanacht a fheabhsú.

Maidir le cúrsaí forbartha, lean an Rannóg Taighde ag cruthú léargas agus eolais chun tionchar a imirt ar phleanáil amach anseo. Áiríodh san obair ar thairgí agus ar pholasaí sa bhliain 2016: cur le tairiscint na hÉireann maidir le Corn an Domhain sa rugbaí sa bhliain 2023; bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí Fáilte Ireland i dtaca leis na srianta a bhaineann le lóistín do chuariteoirí i mBaile Átha Cliath; staidéar cuimsitheach ar aiseolas ó úsáideoirí i bpáirtneireacht le 16 láthair turasóireachta ar fud na hÉireann.

Chomh maith leis sin, cuireadh roinnt suirbhéanna agus tograí léargas i gcrích i rith na bliana chun súil a choinneáil ar fheidhmíocht an tionscail agus sásamh na gcuairteoirí lena dtaithí in Éirinn. Reáchtáladh 10,000 agallamh duine le duine le cuairteoirí ó thar lear a bhí ag imeacht sa togra aonair is mó riamh againn. Ó thaobh na trádála de, thug muid faoi shuirbhéanna míosúla maidir le háitíocht lóistín agus trí ráig dár slat tomhais feidhmíochta séasúrach.

Ar deireadh, rinne Fáilte Ireland €3.4 milliún a infheistiú in oideachas turasóireachta, traenáil agus taighde feidhmeach sa bhliain 2016 trí na hinstiúidí teicneolaíochta, na Boird Oideachais agus Oilíúna, agus scoileanna cócaireachta - le maoiniú ceadaithe do bhreis is 1,454 áit do mhic léinn agus 640 céimí le linn na bliana. Áiríodh freisin san infheistíocht

airgeadais seo, maoiniú do chlár traenála do chócairí nua-cháilithe ar ghlac an tionscal leis gur éirigh go maith leis chun dul i ngleic le riachtanais ghearrthéarmacha fad is a bhí printíseacht chócaireachta á hullmhú le cur faoi bhráid QQI ar mhaithe lena bailíochtú.

Chomhoibrigh Fáilte Ireland le réimse leathan páirtithe leasmhara agus bhí muid gníomhach i dtaca leis an bprintíseacht chócaireachta thuasluaite a fhorbairt - ag obair leis an gCuibhreannas um Phrintíseachtaí Cócaireachta, an Grúpa Maoirseachta do Scileanna Fáilteachais, chomh maith le Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann, an Chomhairle Printíseachtaí, QQI agus Fóraim Scileanna Réigiúnacha.

Feasacht a ardú

Rinne rannóg margáiochta Fáilte Ireland €4.1 milliún a infheistiú ar mhaithe le hábhar do na meáin a chruthú atá samhlaíoch agus éifeachtach chun an margadh do shaoire baile a dhaingniú, le gníomhaíocht á sholáthar ag an margadh saoire baile ar feadh na bliana gur fiú €1.1 billiún é.

Sa bhliain 2016, sheol Fáilte Ireland feachtas tomhaltóra Sean-Oirthear na hÉireann ar na meáin theilifíse, chlóite, shóisialta agus dhigiteacha. Thosaigh an feachtas i mí na Bealtaine agus áiríodh suíomh nua idirlín agus láithreach shóisialta. Chabhraigh an feachtas le tuairim is 300,000 cuairteoir a mhealladh chuig an suíomh idirlín sna chéad seacht mí ar an bhfód. I measc na mbuaicphointí PR, rinneadh clúdach sna nuachtáin náisiúnta ar fad agus bhí ambasadóir don bhranda, Fiona Shaw, le feiceáil i gcrualta suntasacha.

In earrach na bliana 2016, tugadh suntas do Shlí an Atlantaigh Fhiáin ar chainéil dhigiteacha lena n-áirítear na meáin shóisialta, físeáin dhigiteacha agus feachtais chuardaigh. I mí Mheán Fómhair, seoladh feachtas nua chun gnó sna tréimhsí ciúine (earrach agus fóimhar) a spreagadh - reáchtáladh an feachtas seo ar chainéil lasmuigh, ar an raidió agus ar chainéil dhigiteacha agus an t-eolas is déanaí ar fáil ar na meáin shóisialta agus ar an suíomh idirlín. Tugadh breis is milliún cuairt ar an suíomh Shlí an Atlantaigh Fhiáin sa bhliain, sin méadú de bhreis is 100% ar an bhfigiúr céanna anuraidh. I measc na mbuaicphointí PR, rinne Ryan Tubridy seachtain de chraoltaí taobh amuigh, déanach i mí na Bealtaine agus rinne sé pósa ar an eagrán deiridh de The Late Late Show i gcomhar le seoladh an phas a bhaineann le Slí an Atlantaigh Fhiáin.

San earrach, bunaíodh feachtas Lakelands chun suntas a thabhairt do ghnéithe tábhachtacha turasóireachta an réigiúin - daingníodh páirtneireacht raidió le Today FM chomh maith le hailt dhúchasacha ar na meáin dhigiteacha.

Comhtháthaiodh feachtas Bhaile Átha Cliath leis an gcumarsáid ar fad, idir shóisialta, cuardaigh agus PR. Seoladh feachtas idirnáisiúnta do Bhaile Átha Cliath sa Bhreatain i mí Dheireadh Fómhair, i gcomhpháirtíocht le Turasóireacht Éireann chun suim a spreagadh sa chathair agus sa chontae sna tréimhsí ciúine.

Bhí ról tábhachtach i gcónaí ag an mbranda 'Discover Ireland' sna gnéithe ar fad de thuras an tomhaltóra le teachtaireachtaí tábhachtacha chun tomhaltóirí a threorú chuig taithe éagsúla saoire ar fud na hÉireann.

Lena linn sin, chomhoibrigh Fáilte Ireland agus Turasóireacht Éireann le chéile chun feasacht ar Éirinn a mhéadú thar lear le sraith de chruinnithe eolais do na meáin thar lear agus comhlachtaí idirnáisiúnta turasóireachta.

Bhí Roinn Poiblíochta Idirnáisiúnta Fáilte Ireland mar óstach do 1,032 de na meáin idirnáisiúnta sa bhliain 2016 - agus chas na haíonna seo le breis is 4,000 gnó Éireannach (trí 436 thuras ar leith). Ba €87 milliún an Comhluch Fógraíochta ar an gclúdach thar lear a tharla dá bharr agus Clúdach Iomlán de bhilliún lucht léitheoireachta/lucht féachana.

Ina theannta sin, chuir Fáilte Ireland 51 turas ar fáil do Cheannaitheoirí Idirnáisiúnta ó 18 margadh thar na trí bhranda taithe: Sean-Oirthear na hÉireann, Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Baile Átha Cliath - aer úr. Bhí siad mar óstach do bhreis is 1,200 Ceannaitheoir idirnáisiúnta le linn na dturas seo, agus d'fhreastail 437 díobh ar cheardlanna in Éirinn le linn na bliana. Trí na turais, ceardlanna agus ócáidí líonraíthe, chruthaigh Fáilte Ireland deiseanna do 1,949 dtionscal Éireannach bualadh leis na ceannaitheoirí seo.

Conclúid

Tá go leor cúinsí dearfacha fós a bhaineann le turasóireacht in Éirinn - fás leanúnach ar rochtain ón aer, diaspora mór na hÉireann, an tírdhreach álainn nádúrtha, stair fhíor-spéisiúil, cairdiúlacht na ndaoine agus, ar ndóigh, íomhá ar leith na hÉireann ar fud an domhain. Mar a tharla sa bhliain 2016 áfach, is féidir le dúshlán shuntasacha teacht chun cinn go tobann, an Breatimeacht mar shampla. Dá bhrí sin, ní féidir linn a bheith réchúiseach.

Mar thoradh ar lagú an sterling sa bhliain 2016, ní mór dúinn díriú ar iomaíocht agus ar luach a thairiscint ar airgead. Ní mór dúinn freisin leanúint ag infheistiú agus béim a choinneáil ar shár-thaithí a chruthú do chuireoirí trí chomhoibriú láidir leis na páirtithe leasmhara cuí ar féidir leo cabhrú lena bhforbairt. Cuireann an neamhchinnteacht sa mhargadh is mó agus is gaire dúinn sa bhliain 2016, i gcuimhne dúinn, sa tionscal agus ag leibhéal comhlachta, gur gá dúinn oibriú go crua chun a chinntiú go bhfuil

éagsúlú níos fearr againn, gnónna a bheith scaipthe níos fearr maidir le cé na tíortha as a dtagann cuairteoirí. Cinnteoidh Fáilte Éireann sa tréimhse amach romhainn go mbeidh an taithe is fearr ag cuairteoirí ó mhargaí éagsúla agus cabhrú le gnónna an bealach is fearr a aimsiú chun caidreamh a bhunú trí na cainéil díolacháin atá ag fás agus ag athrú i gcónaí. Chomh maith leis sin, i gcomhthéacs na ndeacrachtaí acmhainne a tháinig chun solais sa bhliain 2016, tá sé soiléir gur gá dúinn na turasóirí a scaipeadh níos fearr ar fud na réigiún agus ar fud na séasúr. Má éiríonn linn iad a scaipeadh níos fearr, beidh muid in ann feidhmiú níos éifeachtúla agus úsáid níos fearr a bhaint as acmhainn ar fud an tionscail agus léireofar é seo sa chur chuige a bheidh ag Fáilte Ireland maidir le hinfeistíocht i dtograí caipitil agus i bhféilte amach anseo.

Ar nóta pearsanta, is í seo mo chéad Thuarascáil Bhliantúil mar Phríomh-Fheidhmeannach ar Fáilte Ireland agus ba mhaithe liom aitheantas a thabhairt don Phríomh-Fheidhmeannach a chuaigh romham, Shaun Quinn, a d'éirigh as a chuid cúraimí ag deireadh na bliana 2016. Le linn a thréimhse, sháraigh Fáilte Ireland na dúshlán a bhain le hathruithe rialta le linn thimthriall eacnamaíochta, lena n-áirítear borradh, cúlú agus téarnamh, le gairmiúlacht, cumas agus samhlaíocht. Ba mhaithe liom buíochas a ghabháil leis na háisíneachtaí ar fad a leanann orthu ag obair go dlúth le Fáilte Ireland, ach go háirithe ár gcomhghleacaithe in Turasóireacht Éireann. Ar deireadh, ba mhaithe liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht thábhachtach a fuair Fáilte Ireland agus an tionscal turasóireachta trí chéile ón Rialtas i rith na bliana 2016 - go háirithe ón Aire Shane Ross, ón Aire Stáit Patrick O'Donovan agus na hoifigigh sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tá an tacaíocht seo thar a bheith tábhachtach chun an timpeallacht chearta a chruthú inar féidir le turasóireacht dul ó neart go neart. Tá mé ag tnúth le bheith ag obair lenár bpáirtneirí agus leis na páirtithe leasmhara ar fad chun tógáil ar ar tharla sa bhliain 2016.



Paul Kelly

Príomh-Fheidhmeannach





Turasóireacht – An Bhliain I bhFigiúirí

An Bhliain ab Fhearr Riamh

- Tháinig 8.7 milliún cuairteoir go hÉirinn ó thar lear, a léirigh borradh **9%**
- Mhéadaigh caiteachas ó thurasóireacht ó thar lear tuairim is **9% go dtí €4.6 billiún**
- Líon na laethanta saoire a thóg muintir na tíre measta ag **4.8 milliún**
- Ardú **5% go dtí €1.1 billiún** ar an méid a chaith daoine as Éirinn ar saoire in Éirinn
- Beagnach **150,000** fostaithe sna hearnálacha lóistín agus bia amháin.

Infheistiú i nDaoine agus in Áiteanna

- Straitéis Infheistíochta do Thurasóireacht luach **€125 milliún** foilsithe
- **€1.8 milliún** ceadaithe do 6 thogra caipitil, lena n-áirítear Caisleán Chairlín, Co. Lú, Teach Russborough, Co. Chill Mhantáin; Teach Thomáis Uí Chroimhthain, An Blascaod Mór, Co. Chiarraí
- **€2.8 milliún do 39** bhféile náisiúnta
- Beagnach **€700,000 do 207** bhféile réigiúnacha
- **€3.4 milliún** d'oidreachas turasóireachta, traenáil agus taighde feidhmeach, ag cabhrú le beagnach **1,500** mac léinn
- Infheistíocht de bheagnach **€288,000** don Togra Diaspóra Pobail idir **30** údarás áitiúil.

Éire a Chur i Láthair

- Infheistíocht **€4.1 milliún** i Margaíocht - lena n-áirítear feachtais do Bhaile Átha Cliath, Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Sean-Oirthear na hÉireann
- Fáilte curtha roimh **1,032** de na meáin idirnáisiúnta, a fuair blaiseadh den a bhfuil ar fáil agus a bhuaíl le **4,000** gnó Éireannach
- **1,200** Ceannaitheoir idirnáisiúnta tugtha go hÉirinn chun blaiseadh a fháil de na brandaí turasóireachta agus oibriú le 2,000 gnó Éireannach.

Sean-Oirthear na hÉireann a mhéadú

- **76** chomhartha treoracha curtha in airde ag suíomhanna straitéiseacha ar fud an réigiúin agus **256** chomhartha curtha in airde ar theorainneacha contae le téama an chontae orthu
- **€571,000** infheistithe i bhféilte áitiúla
- Fuair **3,000** ball den fhoireann tosaigh traenáil ar an mbranda, le 1,000 ag freastal ar cheardlanna forbartha scéalaíochta agus seisiúin eolais

- Tugadh cuireadh do **26** iriseoir thábhachtacha chun Sean-Oirthear na hÉireann a bhlaiseadh dóibh féin
- Chonaic beagnach **80%** de dhaoine fásta in Éirinn fógraíocht ar an teilifís Sean-Oirthear na hÉireann.

Tógáil ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin

- **550** úinéir gnó, bainisteoirí agus foireann tosaigh traenáilte chun Slí an Atlantaigh Fhiáin a chur chun cinn
- Pas nua do Shlí an Atlantaigh Fhiáin seolta agus ar fáil ag **130** Oifig Poist ar feadh an bhealaigh
- Tháinig forbairtí nua caipitil chun cinn - Deirgimleach agus Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, Gaillimh
- Breis is **€1 milliún** infheistithe i bhféilte áitiúla.

Borradh a chur faoi Bhaile Átha Cliath

- Beagnach **€2 milliún** d'fhéilte náisiúnta agus réigiúnacha i mBaile Átha Cliath
- Féile na hAthbhliana 3-lá i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, bhí breis is **20,000** cuairteoir ó thar lear againn i mBaile Átha Cliath don fhéile
- **12** phainéal nua eolais ar feadh an Dubline chun taithí na gcuariteoirí a fheabhsú
- Feachtas ilmheánach agus feachtas ar an idirlíon luach **€1.4 milliún** dírithe ar mhargadh na Breataine
- **400** de na meáin idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath ó **20** margadh thar lear ar feadh na bliana
- **3.1 milliún** cuairteoir chuig an suíomh idirlín VisitDublin.com
- Deiseanna líonraithe do bhreis is 800 ball den tionscal áitiúil
- Céim bronnta ar **200** Curaidh Bhaile Átha Cliath.

An buntáiste is mó a bhaint as Turasóireacht Gnó

- Luach **€151 milliún** gnó aistrithe don bhliain reatha agus blianta amach romhainn
- Luach **€27.2 milliún** gnó do na réigiúin agus **575** dheis do thurasóireacht gnó aitheanta agus curtha i gcrích
- **45** ócáid thábhachtach trádála domhanda eagraithe agus tacaíocht curtha ar fáil
- **79** n-ambasadóirí comhdhála aitheanta ag na chéad Ghradam Aitheantais d'Ambasadóirí Comhdhála.



Ráiteas Corparáideach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

Rialachas Corparáideach

Tacaíonn agus aontaíonn Fáilte Éireann leis na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde agus déanann an eagraíocht na prionsabail infheidhmithe agus na treoirlínte a mhínítear sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh.

Comhionannas

Is fostóir comhdheiseanna í Fáilte Éireann. Déanann an eagraíocht an reachtaíocht iomchuí chomhionannais ar fad a chur i bhfeidhm.

Sábháilteacht, Sláinte agus Leas

Rinneadh leas fostaithe agus cuairteoirí chuig maoin na heagraíochta a chosaint trí na caighdeáin sábháilteachta agus sláinte a chomhlíonadh go beacht. Tá an tÚdarás sásta go gcomhlíonann an eagraíocht forálacha an Achta um Shábháilteacht Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

Saoráil Faisnéise

Sa tréimhse atá faoi athbhreithniú, fuair Fáilte Éireann 31 iarratas faoi reachtaíocht Saorála Faisnéise.

Gníomhaíocht Oiliúna 2015 - 2016

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

	2015	2016
Cláir Tionscail-bhunaithe (Tacaíochtaí Gnó)	24,005	22,683
Na Cláir Coláiste-bhunaithe	1,355	1,454
An Móriomlán	25,360	24,137



Comhaltaí an Údaráis

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016



Michael Cawley
Chairman

I Márta 2014, d'éirigh Michael as a ról mar Phríomhoifigeach Oibríocháin agus mar Leas-Phríomhfheidhmeannach in Ryanair agus tháinig sé chun bheith ina bhall den Bhord i gcáil Neamhfheidhmeannach ar an 1 Bealtaine 2014. Ina theannta sin, ceapadh mar Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach in Paddy Power Plc i mí Iúil 2013.

Tar éis dó dul ag obair le Ryanair i mí Feabhra 1997, bhí ról lárnach aige i dtaca le tairiscint phoiblí thosaigh (IPO) na cuideachta i mBealtaine

na bliana sin agus ghlac sé freagrachtaí breise chuige féin mar Stiúrthóir Tráchtála i Meán Fómhair 1987. Chomh maith leis sin, rinne Michael formhaoirseacht ar an obair a bhain le liostú a áirithiú ar Stocmhalartán Londain i Meitheamh 1998. I bhFeabhra 2003, ceapadh Michael mar Phríomhoifigeach Oibríocháin agus mar Leas-Phríomhfheidhmeannach.

Is Cuntasóir Cairte é agus, roimhe seo, d'oibrigh Michael i roinnt tionscal éagsúil lena n-áirítear dáileachán agus monaraíocht. Bhí sé i gceannas ar cheannach amach ag an lucht bainistíochta in Athlone Extrusions sa bhliain 1991 agus, sula ndeachaigh sé ag obair le Ryanair, bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais sa Gowan Group atá i measc na gcuideachtaí príobháideacha is mó dá bhfuil ann in Éirinn.

Is de bhunadh Chorcaí é, tá sé pósta agus tá ceathrar leanaí aige.



Susan Bergin

Tá Bcomh ag Susan ó UCD agus is Cuntasóir Cairte agus Comhairleoir Cánach Cairte í. Fuair sí oiliúint mar Iníúcháir le ceann de na ceithre ghnóilacht cuntasafóchta is mó cáil atá ann i mBaile Átha Cliath.

Sa bhliain 2010, le linn dí a bheith ag obair mar Stiúrthóir Airgeadais i nGrúpa Maoinne agus Aíochta, ceapadh í chuig Údarás Fháilte Éireann agus, ó shin i leith, tá sí ag fónamh mar bhall den údarás agus mar chathaoirleach ar an gcoiste iniúchta.

Sa tréimhse 2013/2014, bhí sí ar fostú mar Cheann Airgeadais agus Comhlíontachta, agus í ceadaithe ón mBanc Ceannais, le haghaidh Cuideachta idirnáisiúnta ar líne Seirbhísí Airgeadais. Ina dhiaidh sin, chuaigh sí ar ais chuig an tionscal aíochta agus, faoi láthair, oibríonn sí d'ionad mór le rá Imeachtaí, Taispeántas agus Comhdhála.



Gina Murphy

Is í Gina Dílseánach agus Bainisteoir Ginearálta Bhialann Hugo i mBaile Átha Cliath agus, roimhe seo, bhí bialanna aici in Uíbh Fhailí agus i Maigh Eo agus, chomh maith leis sin, rinne sí bainistíocht ar na bialanna sin. Is ball de Chumann Bhialanna na hÉireann (RAI) í agus d'fhóin sí mar Uachtarán agus mar Leas-Uachtarán ar an eagraíocht sin. Ina theannta sin, d'fhóin sí ar feadh tamall maith blianta mar bhall de Choiste Bainistíochta agus Stiúrtha an RAI. Chomh maith leis sin, d'fhóin Gina mar Ionadaí na bhFostóirí ar an gComhchoiste

Oibreachais (JLC) um Lónadóireacht agus, freisin, mar Ionadaí na hÉireann in HOGTREC - an Grúpa Stocaireachta Eorpach do thionscal na nÓstán, na mBialann agus na gCaiféanna atá lonnaithe sa Bhruiséil. Ina theannta sin, is minic a labhraíonn Gina os comhair cumainn éagsúla tráchtála agus tionscail mar aoichainteoir - lena n-áirítear Fóram Turasoireachta Parlaimint na hEorpa i Liospóin sa bhliain 2009.



Gerard Barron

Faoi láthair, tá sé ag obair mar Chúntóir Parlaiminteach i Seanad Éireann. Roimhe seo, bhí sé ina ionadaí tofa de chuid Chomhairle Chontae Phort Láirge ar feadh 15 bliana agus d'fhóin sé mar Mhéara Contae sa tréimhse 2005-2006. Is é cathaoirleach Fhéile Comeraghs Wild é, chomh maith le bheith ina dhuine de bhunaitheoir na féile sin, agus bhí ról gníomhach aige i bhforbairt Ghlasbhealach Phort Láirge.



Francis Brennan

Rugadh Francis, as an Park Hotel, Neidín, i mBaile Átha Cliath agus fuair sé oideachas i Scoil na hOllscoile Caitlicí, Sráid Liosáin. Fuair sé H.Dip sa Bhainistíocht Óstáin agus Lónadóireachta ó Choláiste Bhaile Átha Cliath agus fuair sé B.Sc (Bainistíocht) ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Tá sé bainteach le roinnt eagraíochtaí agus, is iar-uachtarán náisiúnta de chuid SKAL International é agus is iar-stiúrthóir de chuid Shannon Castle Heritage & Banquets, agus, sa tréimhse 1994-97 ba é cathaoirleach Small Luxury Hotels of the World é. Faoi láthair, is é Comhairleoir SKAL International i leith na hÉireann é agus is láithreoir é ar chlár teilifíse faoi chúrsaí aíochta dar teideal 'At Your Service' ar RTÉ agus, chomh maith leis sin, feidhmiúnn sé mar shaineolaí raidió trí thráchtairacht a dhéanamh ar gach ní a bhaineann le cúrsaí aíochta. Ina theannta, sin tá trí leabhar mórílimh scríofa aige.



Jim Deegan

Is é Jim Stiúrthóir an Ionaid Náisiúnta do Staidéir ar Bheartas Turasóireachta (NCTPS), Ollscoil Luimnigh (UL) agus is é an tOllamh le Beartas Turasóireachta é. Oileadh mar eacnamaí é agus baineann na nithe a gcuireann sé spéis iontu, agus a chuid foilseachán, le gach gné den bheartas poiblí i leith na turasóireachta. Chuige sin, is comhúdar é i dtaca leis an téacs a gceaptar ina leith gurb é an téacs ceannródaíoch é i ndáil le turasóireacht na hÉireann, is é sin le

rá: "Tourism Policy and Performance-The Irish Experience" (1997) agus bíonn ailt á bhfoilsíú de shíor aige sna príomhírísí turasóireachta agus beartais phoiblí. Sa bhliain 2016, chríochnaigh Jim téarma fadaíthe cúig bliana mar Cheann na Roinne Eacnamaíochta in UL. Ghníomhaigh sé ar bhord roinnt cuideachtaí eanála próbháidí agus bhí sé ina Chathaoirleach ar Treaty Radio Limited (Live 95FM) a díoladh le UTV PLC sa bhliain 2002.



Bríget Halligan-Neville

Tá cónaí ar Bríget i Loch Garman agus tá sí ag obair i dTionscal na Turasóireachta agus na hAíochta le níos mó ná daichead bliain. Mar thoradh ar an taithí atá ag Bríget ar athrú agus ar fhorbairt laistigh den tionscal i rith an ama sin - agus mar thoradh ar thuiscint an-mhaith ar thábhacht mhéadaitheach na hearnála turasóireachta sa ghilleagar - tá léargas suntasach aici a mbaineann sí leas as le linn gnóthaí an Údarás a phlé.



Mary Kerins

Tá freagracht ar Mary i ndáil le forbairt beartais agus athbhreithniú, chomh maith le gníomhaíochtaí formhaoirseachta agus comhlíontachta a chur i gcrích, i réimsí na Sláinte, na Sábháilteachta agus an Chomhshaoil, d'Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (DAA) - in aerfort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí.

Chomh maith lena bheith ina ball de Bhord Fháilte Éireann, bhí sí páirteach in obair Thascfhórsa Turasóireachta Grow Dublin.

Roimhe seo, bhí Mary ina Cathaoirleach ar Choiste Eacnamaíochta ACI na hEorpa agus bhí sí ina ball de Choiste Eacnamaíochta ACI Domhanda agus de Choistí ICAO, AEP/ANSEP. Tá PhD ag Mary sa Cheimic ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá sí ag obair le DAA le naoi mbliana déag.



*Ciarán O Gaora

Is dearthóir e Ciarán agus is é bunaitheoir Zero-G, ar cuideachta straitéise branda agus deartha atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath í. Tá taithí fhorleathan ag Ciarán ar fhorbairt brandaí cinn scríbe agus turasóireachta agus bhí sé ina bhall den mheitheal oibre a d'fhorbair Branda Turasóireachta na hÉireann sa bhliain 1996. Ina theannta sin, oibríonn sé le seirbhísí teicneolaíochta & nuálaíochta, le seirbhísí gairmiúla, le hinstitiúidí cultúir, le fóntais, agus le cliaint chúraim sláinte agus rialtais in Éirinn agus ar bhonn idirnáisiúnta.

Rugadh i mBaile Átha Cliath é agus is céimí de chuid an Choláiste Náisiúnta Deartha is Ealaíne é. Tá cónaí air i mBaile Átha Cliath lena bhean chéile, Máire, agus lena mac agus lena n-iníon.

*D'éirigh Ciarán Ó Gaora as i Meán Fómhair



Margaret Ryan

Tá Margaret gníomhach sa tionscal turasóireachta ón tráth a chaith sí sa choláiste i Luimneach. Mar chuid de shocrúchán oibre ó Ollscoil Luimnigh (UL), bhí sí ag obair le Shannon Castle Tours, ar feadh sé mhí ar dtús, agus is mar sin a thosaigh an dúil atá aici i gcúrsaí turasóireachta. Fuair sí oiliúint mar Threoraí Turais Náisiúnta rud a thug tuiscint níos fearr di ar na táirgí go léir atá ar fáil ar oileán na hÉireann. Chuaigh sí ag obair le Ryan Hotels mar Bhainisteoir Díolachán agus d'fheidhmigh sí i bpoist éagsúla sular tháinig

sí chun bheith ina Stiúrthóir Díolachán agus Margadóir le haghaidh óstáin an ghrúpa in Éirinn, s Ríocht Aontaithe, san Ísiltír, sa Bheilg agus sa Ghearmáin.

Sa bhliain 2000, bhunaigh sí a gnó Margadóir féin agus cliant aici i ngach earnáil - lena n-áirítear gníomhaireachtaí turasóireachta sa Tuaisceart agus sa Deisceart, Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (SME-anna), Tionscnóirí Turais, óstáin 4 agus 5 réalta - agus oibríonn sí ar fhorbairt táirgí nua, ar staidéir fhéidearthachta agus ar fhorbairt brandaí.



Noel Kavanagh

Fuair Noel a oideachas in Crescent College, Luimneach, agus fuair sé oiliúint mar bhainisteoir le Penneys/Primark. Is é Úinéir/Cathaoirleach an Kavanagh Group é - ón mbliain 1979 i leith - agus oibríonn sé 16 Shármhargadh Supervalu ar fud na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe. Ina theannta sin, is é Noel Úinéir/Oibríteoir Óstáin Wyatt i gCathair na Mart, Co. Mhaigh Eo (ón mbliain 1995 i leith) agus is é Cathaoirleach Amharclann Halla na Cathrach i gCathair na Mart é.



Mary Rose Stafford

Is í Mary Rose Ceann na Roinne Óstáin, Ealaíon Cócaireachta agus Turasóireachta san Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí, í agus, chomh maith leis sin, is í Bainisteoir Acadamh Aíochta & Turasóireachta na hÉireann san Institiúid í. Tar éis di céim i mBainistíocht Óstáin a fháil ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Sráid Chathail Brugha, fuair sí taithí cúig bliana déag de thairbh náisiúnta agus idirnáisiúnta sa bhainistíocht óstáin, agus speisialtóireacht á déanamh aici i mbainistíocht acmhainní, le linn dí a bheith ag obair i Nua-Eabhrac, i Londain,

i mBaile Átha Cliath agus i gCiarraí. Ó bhí an bhliain 2003 ann, tá sí ag obair sa réimse oideachais tríú leibhéal in Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí áit a bhfuair sí céim Mháistreachta freisin. Tá dhá leabhar agus cuid mhór páipéar acadúil scríofa aici.




Frankie Sheahan

Scoir Frankie de bheith ina imreoir gairmiúil rugbaí idirnáisiúnta ar fhoireann na hÉireann sa bhliain 2009. Chuir sé Front Row Speakers ar bun ansin agus is é an eagraíocht sin an biúró cainteoirí is mó fáis dá bhfuil ann anois in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe. Déanann siad cainteoirí, i réimsí na ceannaireachta, na spreagthachta, na hardfheidhmíochta agus na siamsaíochta, a aimsiú do chuid de na cuideachtaí agus de na brandaí is mó dá bhfuil ann sa domhan. Sa bhliain 2013, bhí baint aige leis an Pendulum Summit a chur ar bun agus, le ceithre bliana anuas, tá sé tar éis teacht chun bheith ina chruinniú mullaigh ceannasach sa domhan sa réimse gnó agus féincheumhachtaithe agus is é an cruinniú mullaigh is mó de chuid na hÉireann é a mbíonn os cionn 8000 duine ag freastal air.



Struchtúr na Roinne

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016



Uimhreacha Turasóireachta³ agus Ioncaim 2012-2016

Uimhreacha (000s) (Ioncam €mn)	2012	2013	2014	2015	2016	% athrú 16 vs. 15
An Bhreatain	2,722	2,870	3,007	3,346	3,632	9
	857.9	890.9	926.7	1,017.9	1,109.8	9
Mór-roinn na hEorpa	2,247	2,346	2,490	2,880	3,102	8
	1,060.50	1,228.20	1,301.20	1,555.3	1,657.5	7
Meiriceá Thuaidh	940	1,039	1,146	1,294	1,477	14
	745.7	829	940.3	1,199.7	1,337.4	11
An Chuid Eile den Domhan	378	431	462	516	531	3
	291.6	367.7	428.1	492.6	533.3	8
Iomlán Thar Lear	6,286	6,686	7,105	8,036	8,742	9
	2,955.80	3,315.70	3,596.40	4,265.3	4,638.0	9
Tuaisceart^{1 2} Éireann	1,299	1,572	1,708	1,492	1,358	-9
	292.3	304.5	334.4	351.2	366.9	4
Fáltais Iompróra³	856.0	976.0	1,166.0	1,322.0	1,479.0	12
Cuairteanna Lá Céanna Thar Lear	34.0	35.0	41.0	38.0	48.0	26
TUILLIAMH AIRGEADRA EACHTRACH IOMLÁN	4,138.1	4,631.3	5,137.7	5,963.5	6,531.9	10
Turais Intíre⁴	8,291	8,413	8,991	9,125	9,282	2
	1,514.2	1,553.0	1,713.5	1,725.3	1,776.1	3
Ioncam Turasóireachta³ Iomlán	5,652.3	6,184.3	6,851.2	7,688.8	8,308.0	8

¹ Rinne NISRA uimhreacha agus ioncam Thuaisceart Éireann do 2013 a athbhreithniú i mBealtaine 2015.
Rinne NISRA ioncam Thuaisceart Éireann do 2015 a athbhreithniú i mBealtaine 2016.

² NISRA GBP: Tá sonraí caiteachais chónaitheoirí Thuaisceart Éireann á chur ar fáil in STÉ. 0.81948 an ráta malartaithe Euro in 2016.

³ Athbhreithníodh fáltais iompróra 2013 agus 2014 i Márta 2016.

⁴ Athbhreithníodh sonraí 2012-2015 na tíre seo de bharr cur chuige nua modheolaíoch an CSO, Lúnasa 2016.

³ Sainmhíntear turasóirí mar cuairteoirí a fhanann oíche mar chuid dá dturas. Áirítear thuas i bhfigiúirí turasóirí ó thar lear iadsan a thagann isteach trí chalafoirt agus aerfoirt Phoblacht na hÉireann (foinse CSO) agus iadsan a thagann ar talamh via Thuaisceart Éireann (foinse NISRA).

Ráiteas Éifeachtúlachta Fuinnimh

Forléargas ar Ídiú Fuinnimh in 2016

Ag deireadh mhí na Nollag, 2015, bhí 337 ball foirne / 317.6 coibhéis lánaimseartha agus 46 foirgneamh ag Fáilte Ireland. Bhain éilimh fuinnimh na heagraíochta sa bhliain 2016 le fuinneamh a sholáthar do 9 n-oifig riaracháin, 30 Oifig Eolais do Thurasóirí (TIO), 4 Mhúsaem agus 3 foirgneamh eile. As na 46 foirgneamh sin - tá 5 cinn acu os cionn 1,250m² agus tá dhá foirgneamh déag acu liostaithe le Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta.

In 2017, trí chóras Tuairiscithe & Monatóireachta (M&R) Chumann Fhuinneamh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI), rinne Fáilte Ireland 2,189.46 MWh d'fhuinneamh a ídiú ina raibh:

- 1,657.18 MWh leictreachas
- 532.29 MWh breoslaí iontaise;
 - 396.49 MWh gás
 - 135.79 MWh olaí téite

In 2015, thuairisc Fáilte Ireland gur 2,328.58 MWh fuinneamh ar fad a ídiódh ar an gcóras SEAI M&R. Léiríonn an méid fuinnimh iomlán a ídiódh in 2016 go raibh laghdú 5.97% / 139.12 MWh ar úsáid iomlán fuinnimh na heagraíochta ó 2015 go 2016. Miondealaítear sin mar seo a leanas:


- 63.76 MWh níos lú leictreachais ídithe, laghdú 3.7% ar an méid leictreachais a ídiódh in 2015, (arbh ionann é agus laghdú 45.8% ar an méid fuinnimh iomlán a ídiódh ó 2015 go 2016).
- Laghdú 75.36 MWh ar na breoslaí iontaise a ídiódh (arbh ionann é sin agus laghdú 54.2% ar méid fuinnimh iomlán a ídiódh ó 2015 go 2016), nó laghdú 12.4% ar na breoslaí teirmeacha a ídiódh in 2015. Is mar seo a leanas a bhí próifíl ídithe na mbreoslaí teirmeacha in 2016:
 - Laghdú 96.84 MWh ar ghás - laghdú 19.6% ar an méid a ídiódh in 2015 a léiríonn sábháil 82.19 MWh ar an méid gáis nádúrtha a ídiódh agus sábháil 5.25 MWh ar an méid LPG a ídiódh,
 - tháinig ardú 21.49 MWh ar an méid olaí téite a ídiódh. Is ionann sin agus ardú 18.8% ar an méid ola téite a ídiódh in 2015. Cé go raibh íslíú 13.76 MWh ar an méid Ceirisín a ídiódh in dhá láthair, tháinig ardú 35.25 MWh ar an méid ola gáis a úsáideadh inár n-oifig i gCill Airne in 2016.

De bharr ardú ar chostas in aghaidh an aonaid chun fuinneamh a cheannach, ardú ar an tobhach oibleagáide seirbhíse poiblí (PSO) etc, tá tionchar dá réir ag gach kWh fuinneamh a shábháiltear ar an mbuiséad. Cé gur tháinig laghdú ar an méid fuinnimh iomlán a ídiódh, bhí ardú 3.02% ar an méid airgid a caitheadh ar fhuinneamh ó 2015 go 2016. Mar sin, cé go raibh laghdú 5.97% ar an méid fuinnimh a ídiódh, tháinig


ardú 3.02% ar an gcostas - agus bheadh costas i bhfad níos mó i gceist dá bhfanadh an méid fuinnimh a ídiódh sa bhliain mar a chéile nó dá n-ardódh sé. Gan CBL 13.5% san áireamh, is €313,890 a chaith Fáilte Ireland ar sholas/teas/cumhacht in 2016.

Tugtar le fios sa bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2009-2020 gurb é Fís 2020 "Déanfaidh an Earnáil Phoiblí a éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 33% agus déanfaidh ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla - ag léiriú do na hearnálacha ar fad an méid is féidir a dhéanamh trí gníomhaíocht láidir agus thiomanta". Mar an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, tuigeann Fáilte Ireland gur dúshlán rithábhachtach atá ansin a chaithfidh an earnáil poiblí a bhaint amach chun turasóireacht inmharthana a chinntiú. Tá Fáilte Ireland ar an eolas faoin sprioc seo agus leanfaimid ag déanamh an méid agus is féidir linn chun cabhrú leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil agus le Rialtas na hÉireann an sprioc náisiúnta sin a bhaint amach. Mar thoradh ar an dul chun cinn atá déanta againn go dtí seo, d'éirigh linn na sábhála sin a bhaint amach faoi 2012. In 2009, an bhliain a úsáideadh mar bhonn-tomhas, rinne Fáilte Ireland 7,340.7 MWh Riachtanas Fuinnimh Príomha Iomláine (TPER) a thuairisciú. Tháinig laghdú 4,160.4 MWh ar an TPER in 2016 a léiríonn laghdú 43.3% ar TPER na bliana a úsáideadh mar bhonn-tomhas. Mar gheall ar na sábhála atá bainte amach go dtí seo againn, tá an dúshlán chun an méid fuinnimh a ídimid a laghdú

Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh Fáilte Ireland (EnPI)



Astaíochtaí Carbóin Fáilte Ireland - kgCO₂



bliain in ndiaidh bliana ag éirí níos deacra, ach leanfaimid orainn. Mar eagraíocht, ba ionann ár n-astaíochtaí CO₂ in 2009 agus 1,723,064 kgCO₂, agus bhí sé sin laghdaithe go dtí 939,627 kgCO₂ in 2016 againn. Mar thoradh ar an laghdú atá déanta againn ar ár lorg carbóin, tá timpeallacht níos glaine á chruthú againn ina bhfuilimid in ann 'Aer Úr Glan' a chur chun cinn.

Na Gníomhaíochtaí a Rinneadh in 2016

Sháraigh Fáilte Ireland a sprioc sábhála fuinnimh in 2012, ach mar sin féin tá an dúshlán fós ann an méid fuinnimh a ídítear a laghdú tuilleadh - tá ardú tagtha ar an tsábháil ón mbliain a úsáideadh mar bhonn-tomhas ó 42% in 2015 go dtí 43.3% in 2016; a bhfuil laghdú 1.3% ar ídiú fuinnimh mar chúis leis an tsábháil a rinneadh in 2016. Is féidir na sábhála sin a leagan ar na tionscnaimh a leanas:

- Le linn Ráithe 1, 2016, chuir Fáilte Ireland athbhreithniú i dtaobh riachtanais soilsithe lasmuigh na heagraíochta ag an gCeanncheathrú i mBaile Átha Cliath i gcrích; déantar na soilse lasmuigh ar fad a mhúchadh ó lár mhí Aibreáin go lár mhí Dheireadh Fómhair, agus laghdaítear uaireanta oibre na soilse lasmuigh 17 x 150W LED ó 4,100 uair an chloig sa bhliain go 910 uair an chloig sa bhliain. De bharr cúinsí sláinte agus sábháilteachta, fágтар solas amháin ar siúl ar feadh 4,100 uair an chloig sa bhliain. Meastar go ndéanann athrú amháin den sórt sin tuairim is 8,135 kWh leictreachais sa bhliain a shábháil.
- Leanadh leis na huasghrádaithe ar Shoilsiú atá Éifeachtach ó thaobh Fuinnimh in 2016:
 - I mí Feabhra ag an gCeanncheathrú i mBaile Átha Cliath, cuireadh soilse 11 x 4.5W LED in ionad na soilse 11 x 50W Halaigin. Bunaithe ar úsáid 3,000 uair an chloig sa bhliain (7 ar maidin go dtí an 7 tráthnóna, 5 lá na seachtaine), meastar go bhféadfadh an t-uasghrádú sin 1,502 kWh leictreachais sa bhliain a shábháil.
 - I mí Márta, cuireadh lampaí 8 x 4.5 GU10 LED in ionad na spotshoilse 8 x 50W Halaigine sa fhorhalla ag Ionad Discover Ireland i gCill Airne. Bunaithe ar úsáid 3,500 uair an chloig sa bhliain (8 ar maidin go dtí an 6 tráthnóna, 7 lá na seachtaine), meastar go mbeidh 1,274 kWh leictreachais sa bhliain á shábháil.
- I mí na Samhna 2016, tugadh na huasghrádaithe seo a leanas chun críche in Oifig Riaracháin nua na Gaillimhe i bPáirc Gnó Lios Bán: Cuireadh Comharthaí LED 1.5W atá níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de in ionad 6 chomhartha Bhealach Amach Éigeandála/Fear ag Rith 8W. Mar gheall go mbíonn na comharthaí seo ag obair 24/7, bíonn siad casta air ar feadh 8,760 uair an chloig in aghaidh na bliana - beidh sábháil leictreachais 342 KWh in aghaidh na bliana i gceist leis an athrú simplí seo. Chomh maith leis na comharthaí Fear ag Rith a uasghrádú, cuireadh soilse 1.5W LED in ionad na Soilse Éigeandála 20 x 8W. Ag glacadh leis go mbeidh na soilse sin ar siúl 2,250 uair (9 n-uair an chloig in aghaidh an lae, 5 lá sa tseachtain, 50 seachtain in aghaidh na bliana) meastar go ndéanfar 293 KWh leictreachas a shábháil in aghaidh na bliana.
- Idir Meitheamh 2016 agus Márta 2017, rinneadh na Soilse Éigeandála agus na Comharthaí Fear ag Rith ag Bealaí Amach Éigeandála a uasghrádú nó socraíodh iad a uasghrádú in Oifigí Eolais do Thurasóirí ar fud na tíre:
 - Déanfar comharthaí LED 1.5W atá níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de a chur in ionad 18 comhartha Bealach Amach Éigeandála/Fear ag Rith 8W. Mar gheall go mbíonn na comharthaí seo ar siúl 24/7, bíonn siad casta air ar feadh 8,760 uair an chloig in aghaidh na bliana - beidh sábháil leictreachais 1,025 KWh in aghaidh na bliana i gceist go cinnte don eagraíocht leis an athrú simplí seo.

- Cuirfear soilse 10W LED in ionad Shoilse Éigeandála 10 x 28W. Ag glacadh leis go mbeidh na soilse sin ar siúl 2,000 uair (8 n-uair an chloig in aghaidh an lae, 5 lá sa tseachtain, 50 seachtain in aghaidh na bliana) meastar go ndéanfar 360 KWh leictreachas a shábháil in aghaidh na bliana.

- Gníomhaíochtaí ICT a rinneadh in 2016:

- Aistarraingíodh 5 Fhrestalaí Proliant HP; 3 x HP DL380 G5, 1 x HP DL 360 G5 agus Aonad 1 x HP P4000G2 SAN 4. Níor ceannaíodh ach freastalaí amháin 1 x HP DL380p G8 le cur in ionad na chúig cinn a aistarraingíodh. Táthar ag meas go mbeidh sábháil 23,591 KWh ar fhuinneamh leictreachais in aghaidh na bliana mar thoradh ar an gcuíchóiriú/athnuachan sin.

- Aistarraingíodh 7 ríomhaire glúine agus 4 pc. Ceannaíodh 15 ríomhaire glúine níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de in ionad na 11 ríomhaire a aistarraingíodh (ceannaíodh níos mó ríomhairí mar gheall ar ardú ar líon na ndaoine). Cé go bhfuil ardú tagtha ar líon na ríomhairí, meastar go mbeidh sábháil leictreachais 345 KWh ann in aghaidh na bliana - bunaithe ar úsáid bhliantúil 1,875 uair an chloig (7.5 uair in aghaidh an lae, 250 lá in aghaidh na bliana).

Na Gníomhaíochtaí atá Beartaithe do 2017:

Áirítear ar na Tionscadail Sábhála Fuinnimh do 2017:

- Tá sé beartaithe na Soilse Éigeandála agus na Comharthaí Fear ag Rith ag Bealaí Amach Éigeandála ag an gCeanncheathrú i mBaile Átha Cliath a uasghrádú i Márta/Aibreán 2017 agus meastar go mbeidh sábháil 2,114 KWh in aghaidh na bliana ar leictreachas.
 - Cuirfear comharthaí LED 1.5W in ionad 12 comhartha Bealach Amach Éigeandála/Fear ag Rith 8W.
 - Cuirfear soilse 10W LED in ionad na Soilse Éigeandála 10 x 28W ar na staighrí.
 - Cuirfear soilse 1.5W LED in ionad Soilse Éigeandála 18 x 18W.
- Uasghrádaithe soilse ar lean:
 - Tá uasghrádú soilse beartaithe i Ráithe 2 2017 in Oifig Eolas do Thurasóirí Neidín. Cuirfear lampaí 36 x 9W LED 10 in ionad na spotsoilse Halaigine 36 x 42W. Bunaithe ar úsáid 1,200 uair an chloig sa bhliain (8 n-uair an chloig in aghaidh an lae, 5 lá in aghaidh na seachtaine, 30 seachtain in aghaidh na bliana - oifig shéasúrach), meastar go ndéanfaidh an t-uasghrádú sin 1,426 kWh leictreachas a shábháil in aghaidh na bliana.
- Na Gníomhaíochtaí atá beartaithe do 2017:
 - Freastalaí nua HP DL380p G5 a chur in ionad freastalaí 1 x HP DL362 G5. Meastar go mbeidh sábháil fuinnimh leictreachais 2,102 KWh in aghaidh na bliana ar an athnuachan amháin sin.
 - 20 ríomhaire glúine nua; aistarraingeofar 10 x Lenovo T510 agus cuirfear 20 ríomhaire glúine HP Elitebook 820 ina n-ionad (tá ríomhairí breise ag teastáil de bharr ardú ar líon na ndaoine. Ainneoin dúbailt ar líon na ríomhairí a ceannaíodh i gcomparáid leis an méid ríomhairí a aistarraingíodh, meastar i gcónaí go mbeidh sábháil leictreachais 75 KWh ann in aghaidh na bliana - bunaithe ar úsáid bhliantúil 1,875 uair an chloig (7.5 uair in aghaidh an lae, 250 lá in aghaidh na bliana).
- Tá uasghrádú ar an gcóras teasa beartaithe in Oifig Eolas do Thurasóirí Chathair na Mart i mí Aibreáin, 2017. Meastar go gcuirfear dhá théitheoir painéil dhigiteacha leictreacha 550W in ionad an aonaid 5KW AC a théann an Oifig do Thurasóirí faoi láthair. Meastar go mbeidh sábháil leictreachais 6,552 KWh in aghaidh na bliana ann, bunaithe ar 1,680 uair an chloig úsáid in aghaidh na bliana (8 n-uair an chloig in aghaidh an lae, 6 lá in aghaidh na seachtaine, 35 seachtain ó Mheán Fómhair go Aibreán).



Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016



Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis

Éilíonn Alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003 ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú ar bhealach a cheadóidh an tAire Iompair, Turasóireachta & Spóirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhonn seasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh Fáilte Ireland ag feidhmiú;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais

Tá an tÚdarás freagrach chomh maith as sócmhainní Fáilte Ireland a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a ghlacadh le cosc a chur ar chalaos agus ar neamhrialtachtaí agus iad a aimsiú. Alt 27 den Acht.

Michael Cawley
Cathaoirleach
28 Meitheamh 2017

Susan Bergin
Comhalta Údaráis
28 Meitheamh 2017



An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais chomhdhlúite an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de ráiteas an ghrúpa ar ioncam agus caiteachas, ráiteas an ghrúpa ar ioncam cuimsitheach, ráiteas an ghrúpa ar an staid airgeadais, ráiteas an Údarás ar an staid airgeadais, ráiteas an ghrúpa ar athruithe ar ghnáthscaireanna, ráiteas an ghrúpa ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar an mbealach a bhforordaítear faoi Alt 27 den Acht, agus de réir prionsabail chuntasáiochta a nglactar leo go ginearálta.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Údarás

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

An fhreagracht atá orm ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir dlí infheidhme. Tugadh faoin iniúchadh de réir breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú.

Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus cloím le Caighdeán Eiticíúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird Chleachtas Iníúchta.

Scóip iniúchta na ráiteas airgeadais

Le linn iniúchadh, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtá sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhírítis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear air sin measúnú a dhéanamh ar:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasáiochta ábhartha d'imhosca an Údarás, ar cuireadh i bhfeidhm go leanúnach iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad

- réasúntacht na meastachán cuntasáiochta suntasach a dhéantar agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair ginearálta na ráiteas airgeadais.

Lorgáim fianaise chomh maith faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Chomh maith leis sin, léigh mé tuarascáil bhliantúil an Údarás chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun aon eolas is cosúil atá mícheart go hábhartha bunaithe ar an eolas a fuair mé le linn an t-iniúchadh seo a chur i gcrích, nó aon eolas nach bhfuil ag teacht go hábhartha leis an eolas sin, a aithint. Má thugaim aon mhíríteas nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha faoi deara, breithním na tionchair a bheidh acu sin ar mo thuarascáil.

Bunús leis an tuairim cháilithe ar na ráitis airgeadais

Nochtar sna ráitis airgeadais oibleagáidí sochair scoir iomlána amhail an 31 Nollaig 2016 de €275 milliún (2015: €244 milliún). Mar a mhínítear níos iomláine sna beartais chuntasáiochta, feidhmíonn an tÚdarás ceithre scéim pinsin. Tá rathaíochtaí reachtúla i bhfeidhm maidir le trí cinn de na scéimeanna maidir le híocaíochtaí pinsin a mhaoiniú amach anseo. Mar thoradh air sin, aithnítear sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha €112 milliún sna ráitis airgeadais i leith na scéimeanna sin.

Ní aithnítear sna ráitis airgeadais sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha maidir le scéim aoisliúntais an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (NTDA). Ghlac an tÚdarás an cur chuige seo ar an mbonn nár tugadh rátháiocht reachtúil ná eile dó i ndáil le maoiniú na scéime amach anseo.

Is é mo thuirim gur cheart sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha a aithint i ndáil le scéim aoisliúntais an NTDA, de réir chleachtas chuntasáiochta a nglactar go ginearálta leis in Éirinn. Tá sin bunaithe ar

- an bhforáil reachtúil do scéim a bhunú
- cleachtas agus beartas seanbhunaithe i ndáil le hoibleagáidí sochair scoir na seirbhíse poiblí a mhaoiniú ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear
- mar gheall go n-éilíonn an scéim ranníoca ó fhostaithe, agus
- nádúr an phróisis maidir le meastacháin bhliantúla faoina socraítear maoiniú Stáit don Údarás.



An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais (ar lean)

Dá mbeadh sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha aitheanta ag an Údarás i ndáil leis an scéim aoisliúntais NTDA, nochtfadh ráiteas an ghrúpa ar an staid airgeadais glansócmhainní €40.0 milliún amhail an 31 Nollaig 2016 (2015: €41 milliún), nochtfadh ráiteas an Údarás ar an staid airgeadais glansócmhainní €38.9 milliún (2015: €39 milliún) agus nochtfadh cuntas ioncaim agus caiteachais an ghrúpa 2015 easnamh €1.3 milliún don bhliain (2015: barrachas €0.3 milliún).

Tuairim cháilithe ar na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim, ach amháin i gcás gan aitheantas a thabhairt do shócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha i ndáil le scéim aoisliúntais an NTDA mar a shoiléirítear thuas, go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir Chleachtas Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn, agus go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar riocht an ghrúpa agus ar ghnóthaí an Údarás amhail an 31 Nollaig 2016, agus ar ioncam agus caiteachas an ghrúpa do 2016.

Is é mo thuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais

Ábhair lena dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó

- má thug m'iniúchadh aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdarás a dhéanann rialú orthu, nó

- mura bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Údarás ag teacht leis na ráitis airgeadais ghaolmhara nó leis an eolas a fuair mé le linn dom an t-iniúchadh a chur i gcrích, nó
- mura léiríonn an ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon ní le tuairiscíú agam air maidir leis na nithe sin ina ndéantar tuairiscíú orthu trí eisceacht.

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
29 Meitheamh 2017



Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

Thar ceann Chomhaltaí an Údarás aithním ár bhfreagracht a chinntiú go ndéantar córas rialaithe airgeadais inmheánaigh éifeachtach a choimeád agus a fheidhmiú. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán a sholáthar, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go seachnaítear earráidí ábhartha neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhse tráthúil.

Tá céimeanna glactha ag an Údarás lena chinntiú go mbeidh timpeallacht rialaithe chúil i bhfeidhm trí:

- fhreagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le teipeanna rialaithe suntasacha a thuairiscíú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh (Cód Iompair Fostaithe)

Glacadh le próiseas foirmiúil chun riosca gnó a aithint, a mheas, a mhaolú agus a bhainistiú agus is cuid den phróiseas sin ná:

- rioscaí agus cineál rioscaí a aithint
- dóchúlacht tarlaithe
- na himpleachtaí airgeadais nó eile
- na fachtóirí maolaithe
- pleananna chun na rioscaí aitheanta a bhainistiú
- monatóireacht agus tuairiscíú ar an bpróiseas

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat eolais rialta ón mbainistíocht, ar athbhreithniú ar nósanna imeachta riaracháin an eolais sin lena n-áirítear dualgais a roinnt, agus ar chóras toscaireachta agus cuntasaíochta. Áirítear leis go háirithe:

- Pleananna straitéiseacha a mhaireann trí bliana agus buiséid bhliantúla atá ceadaithe ag an Údarás.
- Tuarascálacha buiséid ardleibhéal a dhéanann athbhreithniú ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid a ndéanann an tÚdarás athbhreithniú orthu ag gach cruinniú.
- Cruinniú den Choiste Bainistíochta, arb iad a bheidh air an Príomh-Fheidhmeannach agus na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin a thagann le chéile uair sa choicís ar a laghad chun iniúchadh a dhéanamh ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid, Rioscaí a athbhreithniú, ceisteanna airgeadais a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht, agus tionscadail mholta a chuirtear faoina mbráid a cheadú.
- Feidhm Iniúchta Inmheánaigh a dhéanann monatóireacht ar chomhlíonadh reachtaíochta Rialtais, cóid chleachtais agus beartais agus nósanna imeachta Fáilte Ireland. Déanann an t-aonad Iniúchta Inmheánaigh éifeachtúlacht na rialuithe airgeadais inmheánacha laistigh den eagraíocht a mheas chomh maith. Tuairiscíonn an

tlniúcháir Inmheánach chuig Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca.

- Tuairiscíonn feidhm Bainistiú Riosca feidhmithe a dhéanann monatóireacht ar dhul chun cinn na heagraíochta maidir le riosca aitheanta sa Chlár Riosca chuig an bhfeidhmeannach.
- Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca ar a bhfuil ceathrar stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus a thagann le chéile thart ar cheithre huair sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha an Iniúcháir Inmheánaigh agus ar an gClár Riosca, agus a thuairiscíonn chuig an Údarás.

Le linn 2016, d'aithin an Bhainistíocht earráidí luach €122k ar an iomlán maidir le seachfhoinsí fheidhm párolla an Údarás. Bhain na hearráidí a tharla thar roinnt blianta le:

- a) hasbhaintí ranníocaíochtaí pinsin agus mar a caitheadh leis na hasbhaintí sin
- b) teidlíochtaí i ndáil le saoirí poiblí
- c) mar a caitheadh le hasbhaintí leanúnachais ioncaim chun críocha PRSI agus USC.

Cuireadh na baill foirne lenar bhain na hearráidí ar an eolas agus tá pleananna aisiocaíochta anois curtha i bhfeidhm.

Tá Iniúcháirí Inmheánacha agus saineolaithe seachtracha fostaithe ag an Údarás chun réiteach cuí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear comhairle maidir leis na hoibleagáidí cánach agus an dlí ar fad a chomhlíonadh. Is é an tlniúcháir Inmheánach, an Coiste Iniúchta a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúcháir Inmheánaigh agus na bainisteoirí feidhmeannacha laistigh de Fáilte Ireland atá freagrach as an gcreat oibre rialaithe airgeadais a fhorbairt, a dhéanann monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht chóras an rialaithe airgeadais.

Dearbhaím, i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2016, go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Michael Cawley
Cathaoirleach
28 Meitheamh 2017



Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus ar Chúlchistí Coinnithe Ioncaim

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

	Nótaí	2016 €'000	2015 €'000
IONCAM			
Deontais Oireachtais	2	119,551	119,492
Ioncam Eile	3	6,599	5,274
KGCL Property Holdings Ltd - Ioncam ó Chíos	14	17	14
Glan-Mhaoiniú larchurtha do shochair scoir sa bhliain	24 D	2,336	2,070
		128,503	126,850
AISTRÍÚ (CHUIG)/Ó C(H)ÚLCISTÍ CAIPITIL			
	18	(1,191)	756
Ioncam Iomlán		127,312	127,606
CAITEACHAS			
Speansais Oibríochta Ghinearálta:			
Cláir Aitheantais (Slí an Atlantaigh Fhiáin, BÁC, Sean-Oirthear na hÉireann)	4	20,635	15,447
Cláir Eile (Turasóireacht Gnó, Margaíocht Baile)	5	8,558	8,065
Ag tacú le Gníomhaíochtaí agus Cumasóirí	6	18,742	25,314
Forbairt Oibríochtaí	7	12,514	10,434
Pá	8	19,047	18,200
KGCL Property Holdings Ltd - Costais Riaracháin	14	60	56
Íocaíochtaí Deontais Turasóireacht Éireann Teoranta	2	39,536	40,750
Costais Sochair Scoir	24 A	10,116	9,227
Caiteachas Iomlán		129,208	127,493
Barrachas (Easnamh) roimh Chánachas		(1,896)	113
Cánachas		-	-
Barrachas (Easnamh) tar éis Cánachais		(1,896)	113
Leas mionlaigh - KGCL Property Holdings Ltd		11	11
Barrachas (Easnamh) tar éis Leasa mionlaigh		(1,885)	124

Tá athrangú déanta ar mhéideanna áirithe airgid a bhí ann blianta roimhe seo d'fhonn is go mbeidh siad ag teacht leis an gcur i láthair ar an tréimhse reatha.

Níl aon tionchar ag an athrangú sin ar na torthaí atá tuairiscithe.

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí ó 1 go 26.

Michael Cawley
Cathaoirleach
28 Meitheamh 2017

Susan Bergin
Comhalta Údaráis
28 Meitheamh 2017



Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

	Nótaí	2016 €'000	2015 €'000
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain		(1,885)	124
GNÓTHACHAIN ACHTÚIREACHTA AR SCÉIMEANNA PINSIN			
Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí ar dhliteanas pinsin na scéime	24 B	(571)	473
Gnóthachain / (Caillteanas) de bharr athruithe ar bhoinn tuisceana	24 B	(27,094)	(256)
GNÓTHACHAN/ (CAILLTEANAS) ACHTÚIREACH		(27,665)	217
COIGEARTÚ AR GHLAN-MHAOINIÚ IARCHURTHA DO SHOCHAIR SCOIR	24 B	10,024	(2,409)
Coigeartú maidir le hlarchur Pinsin Ghlan		(17,641)	(2,192)
Gnóthachan / (caillteanas) Aitheanta Iomlán i leith na bliana		(19,526)	(2,068)

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí ó 1 go 26.

Michael Cawley
Cathaoirleach
28 Meitheamh 2017

Susan Bergin
Comhalta Údaráis
28 Meitheamh 2017



Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2016

	Nótaí	2016 €'000	2015 €'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Maoin, Fearas agus Trealamh	10	27,638	28,026
Sócmhainní Inláimhsithe	11	2,457	820
Sócmhainní Airgeadais	13	60	60
Réadmhaoin Infheistíochta	12	176	276
		30,331	29,182
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Fardail		35	21
Infháltais	15	709	733
Iarmhéideanna Bainc agus Airgid	16	47,186	47,262
		47,930	48,016
Nithe Iníoctha : Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	17	37,324	36,181
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		10,606	11,835
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA ROIMH PHINSIN		40,937	41,017
Coigeartú ar Ghlan-Mhaoiniú Iarchurtha do Shochair Scoir	24 D	111,757	99,397
Oibleagáidí Sochair Scoir	24 C	(274,814)	(244,188)
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA TAR ÉIS PINSEAN		(122,120)	(103,774)
ARNA CHUR I LÁTHAIR			
Cúlchistí Coinnithe Ioncaim		(150,993)	(131,467)
Cuntas Caipitiúil	18	28,382	27,191
		(122,611)	(104,276)
LEAS MIONLAIGH		491	502
		(122,120)	(103,774)

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí ó 1 go 26.

Michael Cawley
Cathaoirleach
28 Meitheamh 2017

Susan Bergin
Comhalta Údaráis
28 Meitheamh 2017



Ráiteas an Údaráis ar an Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2016

	Nótaí	2016 €'000	2015 €'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Maoin, Fearas agus Trealamh	10	25,691	26,037
Sócmhainní Inláimhsithe	11	2,457	820
Sócmhainní Airgeadais	13	58	58
Réadmhaoin Infheistíochta	12	176	276
		28,382	27,191
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Fardail		35	21
Infháltais	15	709	733
Iarmhéideanna Bainc agus Airgid	16	47,174	47,249
		47,918	48,003
Níthe Iníoctha : Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	17	37,318	36,175
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		10,600	11,828
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA ROIMH PHINSIN		38,982	39,019
Coigeartú ar Ghlan-Mhaoiniú Iarchurtha do Shochair Scoir	24 D	111,757	99,397
Oibleagáidí Sochair Scoir	24 C	(274,814)	(244,188)
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA TAR ÉIS PINSEAN		(124,075)	(105,772)
ARNA CHUR I LÁTHAIR			
Cúlchistí Coinnithe Ioncaim		(152,457)	(132,963)
Cuntas Caipitiúil	18	28,382	27,191
		(124,075)	(105,772)

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí ó 1 go 26.

Michael Cawley
Cathaoirleach
28 Meitheamh 2017

Susan Bergin
Comhalta Údaráis
28 Meitheamh 2017



Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe ar Ghnáthscaireanna

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais €'000	Caipiteal €'000	NCI €'000	IOMLÁN €'000
Amhail an 01 Eanáir 2015	(129,399)	27,947	-	(101,452)
(Easnamh)/Barrachas Coinnithe do 2015	113	-	-	113
(Easnamh)/Barrachas Coinnithe KGCL do 2015	11	-	-	11
Ioncam a úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a Cheannach nó Íocaíochtaí Caipitil a Mhaoiniú	-	1,791	-	1,791
Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní	-	(2,097)	-	(2,097)
Athluacháil Maoine Infheistíochta	-	(450)	-	(450)
Diúscairt Sócmhainní	-	-	-	-
Infheistíocht san Fhochuideachta KGCL Property Holdings Ltd	-	-	-	-
Glansócmhainní Iomlána Tugtha Ar Aghaidh - KGCL Property Holdings Ltd	-	-	502	502
Ioncam Cuimsitheach Eile - pinsean	(2,192)	-	-	(2,192)
Ar an 31 Nollaig 2015	(131,467)	27,191	502	(103,774)
(Easnamh)/Barrachas Coinnithe do 2016	(1,896)	-	-	(1,896)
(Easnamh)/Barrachas Coinnithe KGCL do 2016	11	-	(11)	-
Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach nó íocaíochtaí caipitil a mhaoiniú	-	4,270	-	4,270
Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní nó muirear airgeadais	-	(2,975)	-	(2,975)
Diúscairt Sócmhainní	-	(4)	-	(4)
Athluacháil Maoine Infheistíochta	-	-	-	-
Maoín Infheistíochta a dhíol	-	(100)	-	(100)
Ioncam cuimsitheach eile - pinsean	(17,641)	-	-	(17,641)
Ar an 31 Nollaig 2016	(150,993)	28,382	491	(122,120)

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí ó 1 go 26.

Michael Cawley
Cathaoirleach
28 Meitheamh 2017

Susan Bergin
Comhalta Údaráis
28 Meitheamh 2017



Ráiteas an Ghrúpa ar Shreabhadh Airgid

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

	Nótaí	2016 €'000	2015 €'000
Barrachas tar éis Leasa Mionlaigh		(1,885)	124
Leas Mionlaigh		(11)	(11)
Glan-Mhaoiniú larchurtha do Shochair Scoir		625	199
Dímheas Maoine, Innealra agus Trealaimh		1,670	2,139
Dímheas ar Shócmhainní Seasta Inláimhsithe		1,347	-
Díscríobh ar Mhaoín, ar Innealra agus ar Threalamh		4	-
Aistriú chuig Cuntas Caipitiúil	18	1,191	(756)
Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		-	-
(Ardú)/ Laghdú ar Infháiltais	15	24	159
Ardú/ (Laghdú) ar Infháiltais	17	1,143	(698)
(Ardú) / Laghdú ar Fhardail		(14)	5
Athscríobh ar Chúlchiste Athluachála		-	450
Glan-Insreabhadh/Sreabhadh Airgid ó Ghníomhachtaí Oibríochta		4,094	1,611
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíocht chun Maoín, Innealra agus Trealamh a Fháil		(1,286)	(1,791)
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a fháil		(2,984)	-
Fáltais ó Dhíolachán Maoine Infheistíochta		100	-
Fáltais ó Dhíolacháin Mhaoine, Innealra agus Trealaimh		-	-
		(76)	(180)
Airgead tirim agus Coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana		47,262	47,442
Airgead tirim agus Coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana		47,186	47,262

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí ó 1 go 26.

Michael Cawley
Cathaoirleach
28 Meitheamh 2017

Susan Bergin
Comhalta Údaráis
28 Meitheamh 2017



Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Is iad seo a leanas na beartais chuntasaíochta shuntasacha a glacadh sna ráitis airgeadais:-

EOLAS GINEARÁLTA AGUS COINBHINSIÚ CUNTASAÍOCHTA

Bunaíodh Fáilte Ireland faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasoíreachta, 2003. Is iad príomhfheidhmeanna Fáilte Ireland, arna sonrú sa reachtaíocht:

Turasóireacht sa stát a spreagadh agus tacú léi agus le fiontair agus le tionscadail chuige sin.

Earcaíocht, oiliúint, oideachas agus forbairt daoine óga a spreagadh agus tacú leo chun críocha fostaíochta i dtionscal na turasoíreachta.

Taighde agus pleanáil a chur chun cinn agus dul ina mbun.

Cláir áiseanna lóistín a bhunú agus a choinneáil.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é Fáilte Ireland.

RÁITEAS MAIDIR LE COMHLÍONADH

Tá ráitis airgeadais Fáilte Ireland don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 ullmhaithe de réir FRS 102, an caighdeán airgeadais a chuirtear i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC), faoi mar atá fógartha ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2009.

BUNÚS AN ULLMHAITHE

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an choinbhinsiúin costais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe a thomhaistear de réir luachanna cothroma arna míniú sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais sa chruth atá ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasoíreachta agus Spóirt agus aontaithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasoíreachta 2003. Tá na beartais chuntasaíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a cheaptar a bheith bainteach le ráitis airgeadais Fáilte Ireland

DEONTAIS OIREACHTAIS

Is léiriú iad na deontais sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar na suimeanna a fuarthas i leith na tréimhse sin. Is trí Fáilte Ireland a chuirtear maoiniú uile Dheontais an Oireachtais ar fáil do Tourism Ireland Limited.

DEONTAIS INÍOCHTA

Aithnítear caiteachas deontais sa tréimhse ina ndéanann an faighteoir an ghníomhaíocht deontais a chruthaíonn teidlíocht ar an deontas. Eascaíonn ioncam ó dheontais iarchurtha nuair nach dtabhaítear caiteachas a bhí beartaithe i ndáil leis na deontais a fuarthas faoi dheireadh na bliana. Eascaíonn ioncam réamhíochta nuair a fhaigheann Fáilte Ireland ioncam ó tháillí roimh an tréimhse lena mbaineann sé.

IONCAM EILE

Aithnítear an t-ioncam uile, seachas ioncam cíosa, nuair is dócha gur chun leas an Ghrúpa a rachaidh an tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an idirbheart agus nuair is féidir an t-ioncam a thomhas go cruinn. Aithnítear ioncam cíosa ar bhonn líne díri le linn an léasa ábhartha.

AIRGEADRA COIGRÍCHE

Meastar an euro a bheith ar an airgeadra ionadaíoch agus láithritheach atá ag an ngrúpa agus ag an máthairchuideachta toisc gurb é sin airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíochta ina bhfeidhmíonn sé. Déantar idirbhearta a ainmnítear in airgeadra coigríche a iompú ina euro ag ráta caighdeánach comhaontaithe don bhliain. Déantar gnóthachain agus cailteanais mhalartaithe réadaithe ar idirbhearta a socraíodh i rith na bliana a chur san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe don bhliain.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a ainmnítear in airgeadra coigríche ina euro ar rátaí malartaithe atá ann ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar gnóthachain agus cailteanais a eascraíonn as an méid sin a chur san áireamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe don bhliain.

MAOIN, INNEALRA AGUS TREALAMH AGUS DÍMHEAS

Tugtar Maoin, Innealra agus Trealamh faoin tsamhail costais mar chostas staire lúide dímhéas carntha agus aon chailteanais laige charntha. Tá san áireamh le costas stairiúil caiteachas a bhaineann go díreach leis an tsócmhainn a thabhairt go dtí an láthair agus í a bheith sa bhail a theastaíonn chun go mbeadh ar a cumas feidhmiú sa tsli a bhí i gceist ag an lucht bainistíochta.

Cuireann an chuideachta le méid iompair míre sócmhainní seasta an costas a bhaineann le rud a chur in áit cuid den mhír sin nuair a thabhaítear an costas sin, má cheaptar go mbainfidh an chuideachta tairbhe as an bpáirt ionaid de réir a chéile san aimsir amach anseo. Déantar deisiúcháin agus cothabháil a chur in aghaidh an Ráitis maidir le hioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa tréimhse ina n-eascaíonn siad. Gearrtar dímhéas le costas na sócmhainní lúide luach iarmharach an dímhéasa a leithdháileadh thar an tréimhse a cheaptar a mbeidh feidhm leo, ag baint úsáide as an modh líne díri ar na rátaí bliantúla atá leagtha amach thíos.

Talamh	0%
Trealamh Ríomhaireachta	33 ¹ / ₃ % Líne dhíreach
Troscán agus Feistis	20% Líne dhíreach
Trealamh Oiliúna	20% Líne dhíreach
Áitribh	2% Níos ísle ná an méid cothrom nó más airde an chuid atá fágtha den Léas.



Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní, ar an tréimhse a mbeidh feidhm leo agus ar na modhanna dímhéasa, agus déantar coigeartú orthu roimh ré más cuí, nó má tá an chuma ar an scéal go mbeidh athrú mór ann ó rinneadh tuairisc go deireanach.

SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

Luaitear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe faoin tsamhail costais mar chostas staire lúide dímhéasa carntha agus aon chaillteanais laige charntha, áit a bhfuil an tsócmhainn ar fáil don úsáid atá ceaptha di. Tá san áireamh le costas stairiúil caiteachas a bhaineann go díreach leis an tsócmhainn a bheith sa bhail a theastaíonn chun go mbeadh ar a cumas feidhmiú sa tslí a bhí i gceist. Sa chás go mbaianeann costais le sócmhainn nach bhfuil ar fáil don úsáid atá ceaptha di, coinnítear an costas ag an gcostas stairiúil agus ní dhéanfar í a dhímheas go dtí go mbeidh sí ar fáil don úsáid atá ceaptha di.

Gearrtar dímhéas le costas na sócmhainní lúide luach iarmharach an dímhéasa a leithdháileadh thar an tréimhse a cheaptar a mbeidh feidhm leo, ag baint úsáide as an modh líne dírí ar an ráta bliantúil 33¹/₃%.

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní, ar an tréimhse a mbeidh feidhm leo agus ar na modhanna dímhéasa, agus déantar coigeartú orthu roimh ré más cuí, nó má tá an chuma ar an scéal go mbeidh athrú mór ann ó rinneadh tuairisc go deireanach.

Tá sócmhainní inláimhsithe an Údaráis comhdhéanta de na costais inchurtha dhíreacha ar fad is gá chun an tsócmhainn a chruthú, a tháirgeadh agus a chur sa bhail a theastaíonn chun go mbeadh ar a cumas feidhmiú sa tslí a bhí i gceist ag an lucht bainistíochta. Áirítear sna sócmhainní sin costais i ndáil le forbairt ar an láithreán gréasáin, grianghraif/físeáin, ábhar cruthaitheach agus ábhar. Rinne an tÚdarás sócmhainní maidir le forbairt an láithreáin ghréasáin a nochtadh roimhe seo mar Shócmhainní Seasta Inláimhsithe agus níl aon tionchar ag an athrú ar rangú na sócmhainní sin ar thoradh an Údaráis.

SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA

Bíonn sócmhainní infheistíochta comhdhéanta de thalamh agus d'fhoirgnimh le luach taitneamhach amháin agus luaitear Déantar maoin infheistíochta ar féidir luach cothrom a thomhais go cruinn lena n-aghaidh gan costas nó iarracht mhíchuí ar bhonn leanúnach, a thomhas ar luach cothrom gach bliain agus aithnítear aon athrú atá tagtha ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Déantar sócmhainní infheistíochta atá ar díol a athluacháil ag an bpraghas a cheaptar a dhíolfar iad.

SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

Ar na sócmhainní airgeadais tá leasanna cothromais in eintitis áirithe, faoi mar a shonraítear i Nóta 13. Taispeántar na sócmhainní seo de réir costais lúide lagú seachas de réir luachála óir níl luacháil praiticiúil de bharr chineál na n-infheistíochtaí agus de bharr (a) nach bhfuil aon phraghsanna tugtha do shócmhainní den chineál céanna ar mhargadh gníomhach, (b) nach bhfuil aon phraghsanna d'idirbhearta a rinneadh le déanaí ar shócmhainní den chineál céanna agus (c) nach bhfuil aon bhealach le praghas idirbhirt a chinneadh bunaithe ar mhálartú ar neamhthuilleamaí a bhaineann le gnáth-thosca gnó. Lena chois sin, rachadh an costas a bhaineann leis na sócmhainní a luacháil thar an

tairbhe a bhainfí as agus níl sé ar intinn ag aon duine na hinfeistíochtaí seo a chur de dhroim seoil san aimsir amach anseo.

CUNTAS CAIPITIL

Is ionann an Cuntas Caipitil agus an luach ioncaim neamhamúchta a úsáidtear chun críocha caipitil. Déantar aistrithe idir cúlchistí ioncaim agus cúlchistí caipitil gach bliain chun maoiniú caipitil na heagraíochta a chothromú, lena n-áirítear léasanna airgeadais, chuig glanluach leabhair a sócmhainní seasta.

EARRÁI INFHAIGHTE

Níl mír mhór airgeadais ag baint le hearraí infhaighte agus tomhaistear iad de réir a bpraghas idirbhirt nuair a aithnítear ar dtús iad. Déantar earraí infhaighte a athbhreithniú le haghaidh táscairí laguithe agus díscríobhtar drochfhiacha sa tréimhse ina dtarlaíonn siad.

FARDAIL

Déantar fardail a luacháil ag an gcostas bunaidh agus ag an nglanluach inréadaithe. Déantar athbhreithniú ar mhéid iompair na bhfardal le haghaidh táscairí lagaithe ar dháta gach cláir chomhdaithe. Má tá fianaise oibiachtúil ar lagú ann, aithnítear cailliúint lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

LÉASANNA OIBRÍOCHTA

Déantar cíos a íocadh faoi léasanna oibríochta a chur in aghaidh an bhrabúis nó an chaillteanais ar bhonn líne dírí chomh fada is a mhaireann an léas.

SOCHAIR D'FHOSTAITHE

(A) Sochair Scoir

